Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government

An Roinn Sláinte
DEPARTMENT OF HEALTH







# An Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011 - 2016

## Creat Náisiúnta maidir le Cur i bhFeidhm

Iúil 2012

# Clár


| | | |
|---|---|---|
| 1. | Réamhrá | 2 |
| 2. | Fís | 2 |
| 3. | Aidhmeanna Straitéiseacha | 3 |
| 4. | Cur Chuige | 4 |
| 5. | Beartas Náisiúnta Tithíochta | 4 |
| 6. | Nithe a bhaineann le Maoiniúchán chun Tacú le Cur i bhFeidhm Éifeachtach | 5 |
| 7. | Gníomhaíochtaí Tosaíochta | 18 |

**Aguisíní**

| | | |
|---|---|---|
| Aguisín 1: | Comhaltas an Ghrúpa Pleanála maidir le Cur i bhFeidhm | 37 |
| Aguisín 2: | An Grúpa Pleanála maidir le Cur i bhFeidhm – Téarmaí Tagartha | 38 |
| Aguisín 3: | Léarscáil ar a dTaispeántar Ionad na Suíomhanna Comhchruinnithe | 39 |
| Aguisín 4: | Costais Bhreise Mheasta ar Thacaíocht Tithíochta Sóisialta do Dhaoine atá ag Aistriú ó Shuíomhanna Comhchruinnithe | 40 |
| Aguisín 5: | GENIO | 41 |
| Aguisín 6: | Athbhreithniú Luach ar Airgead maidir le Seirbhísí Míchumais – Téarmaí Tagartha | 42 |
| Aguisín 7: | Léarscáil ar a dTaispeántar Ionad Thithe Cónaithe an FSS don Phobal Meabhair-Shláinte | 43 |

**Bibliography**

**Glossary of Terms**

## 1. Réamhrá

Rinne an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil agus an Roinn Sláinte Straitéis Náisiúnta Tithíochta an Rialtais do Dhaoine faoi Mhíchumas a fhoilsiú i mí Dheireadh Fómhair 2011. Clúdaíonn an straitéis an tréimhse go dtí an bhliain 2016 agus leagtar amach go hachomair inti na tograí leathana agus na cuspóirí straitéiseacha a ghabhann le déileáil go héifeachtach le riachtanais tithíochta, agus le riachtanais ghaolmhara tacaíochta, daoine atá faoi mhíchumas. Sa Chreat maidir le Cur i bhFeidhm, déantar forbairt ar na príomhghníomhaíochtaí a éiríonn as an straitéis agus sanntar freagrachtaí do na geallsealbhóirí, ar freagrachtaí iad atá le comhlíonadh laistigh de theorainneacha ama iomchuí, agus soláthraítear na príomhtháscairí feidhmíochta, de réir mar is cuí.

Grúpa Pleanála maidir le Cur i bhFeidhm a d'fhorbair an Creat maidir le Cur i bhFeidhm (GPCF), ar ghrúpa ardleibhéil é a raibh an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil ina cathaoirleach air agus a raibh an Roinn Sláinte, FSS, Cumann na mBainisteoirí Contae & Cathrach (CBCC), an Ghníomhaireacht um Thithíocht & Pobail Inbhuanaithe (an Ghníomhaireacht Tithíochta) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe páirteach ann. Tá téarmaí tagartha an GPCF i gceangal leis seo in Aguisín 2.

Doiciméad forásach a bheidh sa Chreat maidir le Cur i bhFeidhm agus déanfar é a fhorbairt agus a leasú chun léiriú a dhéanamh ar shaincheisteanna tábhachtacha, ar théamaí tábhachtacha agus ar ábhair thábhachtacha a thiocfaidh chun cinn laistigh den chreat faireacháin agus tuairiscithe agus le linn fhorbairt na dtuarascálacha bliantúla faoi dhul chun cinn.

## 2. Fís

Is mar seo a leanas an fís atá leagtha mach sa Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011 – 2016: *rochtain a éascú do dhaoine faoi mhíchumas ar réimse oiriúnach tithíochta agus seirbhísí bainteacha tacaíochta a sheachadtar ar bhealach comhtháite agus inbhuanaithe, agus comhionannas deiseanna, saor-rogha an duine aonair, agus maireachtáil neamhspleách a chur chun cinn dá bharr sin*[2].

Faightear tacaíocht i leith na físe sin mar thoradh ar chur chun cinn rochtana do dhaoine faoi mhíchumas ar dheiseanna chun maireachtáil go neamhspleách thar raon iomlán na roghanna tithíochta; creata agus prótacail a sholáthar i ndáil le comhoibriú éifeachtach idirghníomhaireachta; dea-chleachtais maidir le dearadh, comhordú agus soláthar tithíochta agus tacaíochtaí gaolmhara; feabhas a chur ar bhailiú agus ar úsáid sonraí le go bhféadtar cur i bhfeidhm a dhéanamh ar bhonn fianaise; taighde agus forbairt maidir le caighdeáin uilechoiteanna dearthóireachta; rochtain ar chomhairle agus ar fhaisnéis chuí i leith riachtanas tithíochta; agus creat chun tacú le soláthar, faireachán agus athbhreithniú i ndáil le gníomhaíochtaí comhaontaithe.

1 Tá comhaltas Iomlán an Ghrúpa Pleanála maidir le Cur i bhFeidhm leagtha amach in Aguisín 1.

2 Tá an fhís ag teacht le hAlt 19 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta na nDaoine faoi Mhíchumas maireachtáil go neamhspleách agus a bheith lánpháirteach sa phobal. Tá sé beartaithe ag an Rialtas Coinbhinsiún na NA a dhaingniú chomh luath agus is féidir, ag tabhairt an riachtanas atá ann a chinntiú go gcomhlíonfar gach riactanas reachtaíochta agus beartais san áireamh.

## 3. Aidhmeanna Straitéiseacha

Is iad seo a leanas na haidhmeanna straitéiseacha atá ann mar bhonn agus mar thaca don Chreat maidir le Cur i bhFeidhm:

1. Comhionannas rochtana do dhaoine faoi mhíchumas ar réimse iomlán roghanna tithíochta atá feiliúnach do riachtanas an duine aonair agus an teaghlaigh a chur chun cinn agus a phríomhshruthú;

2. Prótacail agus creataí náisiúnta a fhorbairt i leith comhoibriú éifeachtach idirghníomhaireachta, a éascóidh seachadadh duine-láraithe tithíochta agus seirbhísí bainteacha tacaíochta;

3. Tacaíocht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas chun maireachtáil go neamhspleách ina dtithe agus ina bpobail féin, nuair is iomchuí;

4. Tabhairt faoi na riachtanais tithíochta ar leith atá ag daoine faoi mhíchumas intleachta agus/nó fisiceach agus socruithe atá grúpáilte lena chéile a sheachaint ar aon dul le dea-chleachtas, trí chreataí a fhorbairt ó thaobh tithíocht a éascú sa phobal, mar shampla;

5. Tabhairt faoi na riachtanais tithíochta ar leith atá ag daoine faoi mhíchumas meabhair-shláinte trí chreataí a fhorbairt ó thaobh tithíocht a éascú sa phobal, mar shampla, daoine a bhfuil riachtanais ísle agus mheánacha acu a bhogadh ó shaoráidí meabhair-shláinte ar aon dul le dea-chleachtas;

6. Dea-chleachtas a chur san áireamh i bpleanáil, comhordú, agus seachadadh tithíochta agus tacaíochtaí bainteacha;

7. Daoine faoi mhíchumas a éascú teacht ar chomhairle agus eolas cuí maidir lena riachtanais tithíochta;

8. Feabhas a chur ar bhailiú agus úsáid sonraí/faisnéise maidir le cineál agus fairsinge na riachtanas tithíochta atá ag daoine faoi mhíchumas;

9. Creat a fhorbairt d'fhonn tacú le bearta comhaontaithe a sheachadadh, a mhonatóiriú agus a athbhreithniú.

## 4. Cur Chuige

Déanfar an Straitéis Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011 – 2016 a chur i bhfeidhm trí chur chuige ina n-áirítear na gnéithe seo a leanas:

- Foghrúpa Tithíochta a bhunú agus an Ghníomhaireacht Tithíochta i gceannas air. Déanfaidh an Foghrúpa sin treoir agus comhairle a fhorbairt agus a sholáthar d'údaráis áitiúla le linn gníomhaíochtaí tosaíochta a chur i bhfeidhm agus cinnteoidh sé go mbeidh cur chuige aonfhoirmeach ann i dtaca le cur i bhfeidhm ar an leibhéal áitiúil. Beidh ionadaithe ó na príomhghníomhaireachtaí reachtúla agus ó na grúpaí geallsealbhóirí míchumais iomchuí páirteach san Fhoghrúpa Tithíochta;

- Déanfar cur chuige cuí éifeachtach comhpháirtíochta a éascú ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear trí ról a thabhairt d'Fhoghrúpa Tithíochta na Gníomhaireachta Tithíochta, d'Fhóram Comhairliúcháin Náisiúnta FSS ar Mhíchumais agus do Ghrúpa Forfheidhmiúcháin Náisiúnta Shuíomhanna Comhchruinnithe FSS, agus trí naisc a bhunú eatarthu;

- Cur chuige éifeachtach idirghníomhaireachta ar an leibhéal áitiúil, agus creat daingean idirghníomhaireachta agus prótacail iomchuí ann mar thacaíocht leis sin;

- A chinntiú go mbaintear úsáid éifeachtach as na hacmhainní láithreacha chun an luach ar airgead a uasmhéadú;

- Faireachán a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta tríd an nGrúpa Faireacháin Forfheidhmiúcháin (IMG). Tabharfaidh an IMG cúnamh freisin don Fhoghrúpa Tithíochta maidir le treoir agus comhairle a sholáthar, de réir mar is gá sin;

- Creat éifeachtach tuairiscithe chun a chinntiú go mbeidh na torthaí is fearr ann do dhaoine faoi mhíchumas.

## 5. Beartas Náisiúnta Tithíochta

Táthar tar éis an Creat maidir le Cur i bhFeidhm a fhorbairt mar chuid dhílis de Chreat an Bheartais Tithíochta trína ndaingnítear fócas an Rialtais maidir le freastal ar na riachtanais is géire i.e. na riachtanais tacaíochta tithíochta atá ag daoine nach bhfuil in ann cóiríocht a sholáthar dóibh féin as a gcuid acmhainní féin. Mar gheall ar na cúinsí airgeadais a bheidh ann amach anseo ní féidir le húdaráis áitiúla filleadh ar chláir thógála lena ngabhann maoiniúchán caipitiúil an-mhór. Dá bhrí sin, is é atá sa gheallltanas ná gníomhú a dhéanamh níos tapa agus ar scála níos mó i ndáil le riachtanais tacaíochta tithíochta sóisialta trí shásraí éagsúla a úsáid, lena n-áirítear trí soláthar méadaithe tithíochta sóisialta. Tríd an maoiniúchán atá ar fáil sa bhliain 2012, leanfar d'athstruchtúrú leanúnach an chláir infheistíochta tithíocht sóisialta a éascú sa chaoi go mbainfear leas as sásraí trína ndéantar soláthar a mhaoiniú le hioncam, amhail léasú fadtéarma agus an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (SCC) agus leanúint de thosaíocht a thabhairt do thacaíochtaí caipitiúla do na teaghlaigh is soghonta agus is mó míbhuntáiste. Is é atá sa chuspóir foriomlán

straitéiseach i gcónaí ná a chumasú do gach teaghlach rochtain a fháil ar thithíocht dea-cháilíochta atá oiriúnach dá gcúinsí teaghlaigh agus sa phobal áirithe a roghnaíonn siad.

De bhreis ar mhúnlaí solúbtha maoiniúcháin amhail SCC agus léasú, tá an Rialtas tiomanta freisin i leith forbairt a dhéanamh ar shásraí eile maoiniúcháin trína méadófar soláthar tithíochta nua sóisialta, ar tithíocht bhuan í.  I measc na sásraí sin áireofar roghanna chun ceannach a dhéanamh, chun tógáil a dhéanamh ar mhaithe le léasú agus chun maoiniúchán iasachta a fhoinsiú ar thaobh comhlachtaí tithíochta ceadaithe ar mhaithe le tógáil agus fáil. Thar raon clár tithíochta, tá poitéinseal ann freisin i dtaca le cuspóir an Rialtais ar dá réir a dhéanfar foinsiú agus soláthar aonad cónaithe oiriúnach lena n-úsáid mar thithíocht shóisialta a ailíniú le cuspóirí tráchtála na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainistíochta Sócmhainní (GNBS).  I gcás ina bhfuil áitribh á bhfáil nó á léasú ó GNBS nó ó fhéichiúnaithe GNBS, is ceart bearta a chur i bhfeidhm chun leithroinnt céatadáin de na háitribh sin chuig daoine faoi mhíchumas a éascú.

Thairis sin, d'fhógair an Rialtas a chinneadh, i bprionsabal, chun freagracht as teaghlaigh a fhaigheann forlíonadh cíosa, ach ar teaghlaigh iad a bhfuil riachtanas tithíochta sóisialta fadtéarma acu, a aistriú ón Roinn Coimirce Sóisialaí chuig na húdaráis tithíochta. Soláthróidh údaráis tithíochta an tseirbhís seo trí úsáid a bhaint as Íocaíocht nua Cúnaimh Tithíochta (ÍCT).  Bhí sé sin ar na príomh-athchóirithe a fógraíodh i Ráiteas an Rialtais ar Bheartas Tithíochta agus táthar ag súil gurb é a leanfaidh as na tograí ná roinnt tairbhí do theaghlaigh agus soláthraíonn sé deis chun déileáil le saincheisteanna iomchuí i ndáil le forlíonadh cíosa agus daoine faoi mhíchumas.

## 6. Nithe a bhaineann le Maoiniúchán chun Tacú le Cur i bhFeidhm Éifeachtach

Príomhfheidhm de chuid an GPCF ab ea sásraí inbhuanaithe maoiniúcháin a shainaithint chun tacú le cur i bhfeidhm rathúil na Straitéise Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas a bhaint amach as na hacmhainní atá ar fáil faoi láthair, agus ar dóigh dóibh a bheith ar fáil, thar an tréimhse go dtí an bhliain 2016. Rinneadh cuid mhór de na tograí a leagtar amach sa Straitéis a fhorbairt ar an mbonn go ndéanfaí éifeachtúlacht agus éifeachtacht a chinntiú maidir leis na hacmhainní, maidir leis na córais agus maidir leis na nósanna imeachta atá ann faoi láthair chun freastal ar na riachtanais tithíochta agus ar na riachtanais ghaolmhara tacaíochta atá ag daoine faoi mhíchumas.  Ach éiríonn impleachtaí suntasacha airgeadais don earnáil rialtais áitiúil i leith thograí an Rialtais maidir le dí-institiúidiú daoine faoi mhíchumas ó shaoráidí meabhair-shláinte de chuid FSS agus ó shuíomhanna comhchruinnithe[3].

[3] Sainmhínítear suíomhanna comhchruinnithe mar shocruithe cónaithe (is socruithe iad seo a bhfuil sé de phríomhchuspóir acu seirbhísí a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas fisiceach, intleachta agus céadfach) ina mbíonn 10 duine nó níos mó ag roinnt ionad cónaithe nó bíonn na socruithe cónaithe sin lonnaithe ar an gcampas. Faoi phrionsabail phríomhshruthaithe agus saoránachta, tá daoine faoi mhíchumas a mhaireann sa phobal, lena n-áirítear iad sin atá ina gcónaí i suíomh chomhchruinnithe i dteideal na seirbhísí céanna a chuireann na comhlachtaí poiblí ar fáil do gach saoránach eile agus ní chóir go mbeadh siad faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar an áit ina gcónaíonn siad.

I bhfianaise na haeráide reatha eacnamaíochta, agus ag féachaint don bhrú atá ar liostaí tithíochta údarás áitiúil faoi láthair, ní bheidh sé indéanta freastal ar riachtanais thart ar 2,300[4] duine a meastar ina leith go bhfuil gá acu le soláthar nua tithíochta sóisialta sna 7 mbliana atá romhainn as na hacmhainní caipitiúla agus ioncaim a úsáidtear faoi láthair chun tacaíochtaí tithíochta a sholáthar. Cé go ndéanfar na hacmhainní atá ar fáil faoi láthair laistigh den earnáil mhíchumais a úsáid ar an modh is oiriúnaí agus is éifeachtúla chun na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach do dhaoine faoi mhíchumas, ní mór foinsí breise inbhuanaithe maoiniúcháin a shainaithint chun tacú le soláthar laistigh de na hamscálaí atá beartaithe.

Mura bhfuil sainmhaoiniúchán ann chun tacú le riachtanais tithíochta na ndaoine sin tharlódh díláithriúchán do dhaoine faoi mhíchumas atá ar liostaí feithimh tithíochta údarás áitiúil faoi láthair agus a bhfuil gá measta acu le tithíocht. Dá bhrí sin, beidh dul chun cinn maidir le haistriú daoine faoi mhíchumas chuig roghanna tithíochta sóisialta ag brath ar shainaithint acmhainní cuí. Tá sé tábhachtach go mbeidh cur chuige cothrom ann maidir lena chinntiú go ndéantar an riachtanas foriomlán tithíochta a bhainistiú go héifeachtach, agus go ndéantar freastal air go héifeachtach, dóibh siúd a bhfuil gá acu le tacaíochtaí tithíochta sóisialta.

Sa chomhthéacs sin, déantar na príomh-shaincheisteanna a éiríonn i leith na tograí dí-institiúidiúcháin san earnáil mhíchumais agus san earnáil mheabhair-shláinte a leagan amach anseo thíos.

## *6.1 Aistrithe ó Shuíomhanna Comhchruinnithe*

### (a) Struchtúir & Amscálaí maidir le Cur i bhFeidhm

De réir Thuarascáil FSS ar Shuíomhanna Comhchruinnithe a foilsíodh i mí Iúil 2011, bhí os cionn 4,000 duine ina gcónaí i suíomhanna comhchruinnithe sa bhliain 2008[5]. Rinneadh Grúpa Náisiúnta Forfheidhmiúcháin Suíomhanna Comhchruinnithe a chur ar bun i mí Dheireadh Fómhair 2011 faoi cheannas FSS chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm mholtaí na Tuarascála ar Shuíomhanna Comhchruinnithe agus, go sonrach, chun pleanáil a dhéanamh i gcomhair aistriú na 3,600 duine a bhí ina gcónaí sna suíomhanna sin ag deireadh na bliana 2011 chuig suíomhanna maireachtála neamhspleáiche thar thréimhse 7 mbliana. D’fhéadfadh sé, áfach, go bhfadófar an t-amscála sin más gá sin mar thoradh ar na dúshláin a bheidh ann maidir le cur i bhfeidhm na ngnéithe éagsúla den phróiseas aistrithe iltoiseach. I measc na ngnéithe sin áireofar cinneadh na rogha cóiríochta is oiriúnaí, na hionaid ina mbeidh an chóiríocht, maoiniúchán agus an líon foirne is gá san earnáil sláinte chun leanúint de thacaíochtaí leanúnacha a sholáthar do na daoine sin a bheidh ag aistriú chuig cóiríocht nua. Luaitear sa Straitéis gur dúshlán suntasach an méid sin do na geallsealbhóirí atá bainteach le soláthar seirbhísí agus nach mór é a bhainistiú laistigh de chreat ilghníomhaireachta chun a chinntiú go ndéantar riachtanais daoine atá ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe a chur san áireamh go hiomlán le linn an phróisis. Beidh an

4 Is dóigh go mbeidh seirbhísí tacaíochta tionóntachta de dhíth ar 1,177 duine eile a chónaíonn in ionaid chónaithe meántacaíochta agus ísealtacaíochta.

5 Tá láthair na Suíomhanna Comhchruinnithe leagtha amach sa léarscáil in Aguisín 3.

múnla cúraim do dhaoine aonair bunaithe ar phlean duine-láraithe agus d'fhéadfadh athrú teacht air sin thar am i gcomhréir le riachtanais agus cúinsí daoine aonair agus leis an múnla soláthair seirbhíse is infheidhme aon am áirithe.

Déanfar cur i bhfeidhm na Tuarascála ar Shuíomhanna Comhchruinnithe a chur i gcrích trí struchtúir réigiúnacha agus áitiúla, faoi chúram Fhóram Náisiúnta Comhairleach FSS ar Mhíchumas a bhfuil ionadaithe ann ó gheallsealbhóirí míchumais, ó FSS agus ón Roinn Sláinte. Oibreoidh Foghrúpa Tithíochta na Gníomhaireachta Tithíochta i gcomhar leis an nGrúpa Náisiúnta Forfheidhmiúcháin maidir le Suíomhanna Comhchruinnithe chun plean a tharraingt suas ina ndéanfar na roghanna tithíochta atá ann do chónaitheoirí i suíomhanna comhchruinnithe a mhionsonrú i gcomhréir leis an Straitéis Tithíochta. Déanfar prótacail a chomhaontú idir an earnáil Sláinte agus an earnáil Chomhshaoil/údaráis áitiúil chun a chinntiú go bhfuil cur chuige comhordaithe ann maidir le cur i bhfeidhm. Beidh gá le treoir shoiléir freisin i ndáil leis na tograí atá ann sa Tuarascáil ar Shuíomhanna Comhchruinnithe a chur in iúl do na príomh-gheallsealbhóirí. Bunaíodh Foghrúpa Cumarsáide faoi chúram Fhoireann Náisiúnta Forfheidhmiúcháin Tionscadail na Suíomhanna Comhchruinnithe agus beidh ról criticiúil ag an bhFoghrúpa sin i ndáil le faisnéis a scaipeadh maidir leis na socruithe maireachtála amach anseo i gcás daoine a bheidh ag aistriú isteach sa phobal. Tríd an gcur chuige sin freisin, is ceart go ndéileálfar le tionchar na dtograí ar fhorbairt roghanna tithíochta amach anseo amhail múnla na grúp-thithíochta a forbraíodh faoin Scéim Cúnaimh Chaipitiúil (CAS).

### (b) Saincheisteanna a Éiríonn maidir le Meastachán a dhéanamh ar an Líon Daoine a bheidh ag Aistriú ó Shuíomhanna Comhchruinnithe

I bhfianaise chastacht an phróisis forfheidhmiúcháin, bheadh sé róluath meastachán cruinn a dhéanamh ar an líon daoine a aistreoidh ó shuíomhanna comhchruinnithe gach bliain ná ar na riachtanais chóiríochta is dóigh a bheidh acu. Is é an chéad chéim a bheidh ag teastáil sa phróiseas seo ná foirne áitiúla forfheidhmiúcháin a bhunú agus pleananna tionscadail a chomhaontú le lucht bainistíochta suíomhanna ar leithligh comhchruinnithe cónaithe (FSS nó gníomhaireacht reachtúil). Mar gheall ar bhéim dhuine-láraithe an phróisis beidh ar FSS pleananna ar leithligh a tharraingt suas agus iad bunaithe ar mheasúnú riachtanais. I gcomhréir le prionsabal na rogha pearsanta agus an phríomhshruthúcháin, beidh gach duine aonair i dteideal go rachfar i gcomhairle leis nó léi maidir leis an gcineál cóiríochta agus le hionad na cóiríochta a roghnóidh siad agus maidir leis na socruithe maireachtála is fearr leo. Trí phlean duine-láraithe a tharraingt suas, leagfar amach na tacaíochtaí leanúnacha sláinte agus cúraim phearsanta a bheidh le soláthar ag FSS. Táthar ag súil go mbeidh an bhunobair maidir le tarraingt suas pleananna áitiúla tionscadail ar siúl faoi lár na bliana 2013 de réir mar a thagann na roghanna éagsúla cóiríochta chun bheith níos soiléire agus de réir mar a thagann dlús leis an bpróiseas sainaitheanta daoine oiriúnacha le haghaidh aistrithe. Luaitear go bhféadfadh sé tarlú go n-athróidh riachtanais agus athruithe thar am i gcomhréir leis an múnla soláthair seirbhíse is infheidhme aon tráth áirithe.

Féadfaidh cónaitheoirí i suíomhanna comhchruinnithe roghnú a dhéanamh as roinnt roghanna maidir le maireachtáil neamhspleách sa phobal lena n-áirítear roghanna tithíochta

sóisialta, an earnáil phríobháideach cóiríochta ar cíos, maireachtáil le teaghlach nó le cairde agus, i líon beag cásanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh daoine sa riocht gur féidir leo maoin a cheannach ó chistí pearsanta. Beidh ról tábhachtach ag Foghrúpa Tithíochta na Gníomhaireachta Tithíochta le linn forbairt a dhéanamh ar chreat chun riachtanais na ndaoine a bheidh ag aistriú isteach i suíomhanna pobail níos oiriúnaí a shainaithint agus chun pleanáil a dhéanamh ina leith sin.

**(c) Costais Mheasta ar Thacaíocht Tithíochta Sóisialta do Dhaoine atá ag Aistriú ó Shuíomhanna Comhchruinnithe**

Tá na deacrachtaí a bhaineann le meastachán a dhéanamh ar an líon daoine a bheidh ag imeacht as suíomhanna comhchruinnithe leagtha amach thuas agus ní féidir réamh-mheastacháin a sholáthar faoi láthair ar an líon aistrithe sa bhliain ón mbliain 2013 go dtí an bhliain 2019. Dá bhrí sin, is gá múnla a chruthú ar mhaithe le léiriú a thabhairt ar na costais bhreise is dóigh a bheidh ann i gcás ina ndéantar roghanna cuí tithíochta sóisialta a sholáthar. Tá an costáil mheasta a thugtar anseo thíos bunaithe ar thoimhdean gur 500 duine sa bhliain, as measc líon foriomlán 3,600[6] cónaitheoir i suíomhanna comhchruinnithe, a lorgódh athrú chuig an earnáil tithíochta sóisialta thar thréimhse 7 mbliana agus go ndéanfaí réitigh thithíochta a sholáthar trí shocruithe léasúcháin fadtéarma[7]. Sa chás sin, d'fhéadfadh feidhm a bheith ag an gcostas measta bliantúil seo a leanas más rud é go roghnaíonn 60% de na daoine a bheidh ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe rogha tithíochta sóisialta[8]:

- Toimhdean go mbeidh tithíocht shóisialta ag teastáil ó 60% (300 duine) agus go mbeidh siad ag iarraidh a bheith ina gcónaí i leithleann aonaid aonair. Is é atá sa chostas breise ná tuairim is **€1.9 milliún sa bhliain,** agus méadú ag teacht ar an tsuim sin de réir incrimintí €1.9 milliún sa bhliain go dtí suim iomlán **€13.3 milliún sa bhliain** tar éis 7 mbliana.

I gcás ina roghnaíonn beirt nó triúr cóiríocht nua a chomhroinnt[9], faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos mar shampla, seachas roghnú a dhéanamh chun cónaí a dhéanamh ar leithligh i leithleann aonaid aonair, meastar go dtiocfadh laghdú idir 30% agus 54% den mheánchostas iomlán bliantúil ar chostas na tithíochta sóisialta. Is ceart a lua freisin go bhfuil léiriú tugtha ag FSS go bhféadfadh sé a bheith deacair feidhmiú de réir amscála 7 mbliana chun aistrithe ó shuíomhanna comhchruinnithe a chur i gcrích. De bhreis air sin agus ar bhonn taithí atá faighte le déanaí, tógfaidh sé tréimhse idir 2 bhliain agus 3 bliana sula mbeidh an acmhainn ann chun líon mór daoine a aistriú gach bliain.

6 Tá thart ar 100 duine i mbun phróiseas athlonnaithe mar chuid d'Fhondúireacht Genio. Tá tuilleadh eolais ar an athlonnú seo leagtha amach in Aguisín 5. Dá réir sin, tá an meastachán seo bunaithe ar 3,500 duine.

7 Is é an Meánchostas Bliantúil chun Ionad a Léasú ná €6,327.

8 Beidh na costais tithíochta atá ag teacht chun cinn níos airde má roghnaíonn níos mó daoine tithíocht shóisialta. Tá na costais bhreise atá measta leagtha amach in Aguisín 4.

9 Ag leibhéal níos leithne, ba chóir a thabhairt ar aird go bhféadfadh aistriú na ndaoine as suíomhanna comhchruinnithe, a roghnaíonn cóiríocht a roinnt, deiseanna tithíochta a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas atá ar liostaí feithimh tithíochta faoi láthair agus d'fhéadfadh go mbeadh na riachtanais tacaíochta céanna ag na daoine sin, ach ní mór aird a thabhairt ar a gcuid roghanna agus tosaíochtaí pearsanta féin. D'fhéadfaí an deis seo a fhiosrú tuilleadh i gcomhthéacs forbartha na straitéisí tithíochta.

## (d) Seirbhísí Tacaíochta Tionóntachta

Samhlaítear, maidir leis an gcuid is mó daoine a bheidh ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe go maireachtáil phobal-bhunaithe, go mbeidh gá acu freisin le seirbhís tacaíochta chun a chumasú dóibh a dtionóntachtaí a chothabháil. Trí sheirbhísí cothaithe tionóntachta a chur ar fáil do thionóntaí soghonta, arb iad na daoine iad ag a bhfuil riachtanais ísle nó riachtanais mheasartha tacaíochta de ghnáth, cinntítear go ndéantar na tacaíochtaí iomchuí, an fhaisnéis iomchuí agus an chomhairle iomchuí a sholáthar dóibh chun cabhrú leo a gcuid tionóntachtaí a chothabháil. Is cúnamh iad na tacaíochtaí seo maidir le cur chun cinn deiseanna maireachtála neamhspleáiche a éascú agus is cabhair iad freisin maidir le laghdú a dhéanamh ar an riosca go dtitfidh tionóntachtaí as a chéile agus go mbeidh daoine gan dídean dá bharr sin. I gcoitinne, bíonn tacaíochtaí de chineál éagsúil ann, ó thaobh nádúr, ré agus déine na dtacaíochtaí, agus sin ag brath ar riachtanais ar leithligh agus oibríonn na tacaíochtaí, de ghnáth, mar sheirbhís sholúbtha tacaíochta.

Go sonrach, aithnítear, i ndáil leis na daoine a bheidh ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe, go bhfuil ról tábhachtach ag cuid mhór de na seirbhísí atá á soláthar faoi láthair ag FSS agus ag soláthróirí seirbhísí FSS maidir le tacaíocht a thabhairt don chumas i leith maireachtála níos neamhspleáiche agus maidir le neartú an chumais sin. Sa chomhthéacs seo, tá FSS tar éis a chomhaontú, i bprionsabal, go n-oibreoidh siad i gcomhar le soláthróirí suíomhanna comhchruinnithe i ndáil le soláthar seirbhísí tacaíochta tionóntachta agus tá sí tar éis a chomhaontú freisin, i bprionsabal, go ndéanfar prótacal a fhorbairt in éineacht le húdaráis áitiúla.

## (e) Srianta Maoiniúcháin ar FSS sa Ghearrthéarma agus sa Mheántéarma

Cé go bhfuil FSS tiomanta i leith dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm na Tuarascála ar Shuíomhanna Comhchruinnithe laistigh den amscála 7 mbliana atá beartaithe, tá léiriú tugtha ag FSS nach bhfuil aon acmhainn ann faoi láthair, mar gheall ar bhrú ar an soláthar Seirbhísí Míchumais, chun ranníocaíocht a thabhairt as an bhfoinse sin i gcomhair na gcostas a ghabhann le forbairt nó le fáil aonad breise tithíochta sóisialta san earnáil údaráis áitiúil.

Maidir leis an ioncam maoiniúcháin reatha do shuíomhanna comhchruinnithe, ar ioncam é a thagann as soláthar laghdaitheach do sheirbhísí míchumais, ní mór é a úsáid chun tacú le daoine i suíomh cuí pobail. Is é an earnáil Sláinte a íocfaidh na costais a ghabhann le tacaíocht chúraim phearsanta agus chúraim sláinte i ndáil le haistriú 3,600 duine ó shuíomhanna comhchruinnithe. Beidh na tacaíochtaí sin bunaithe ar phlean cúraim duine-láraithe do gach duine aonair ar leith. Is é an cuspóir a bheidh ag beartas sláinte ná a chinntiú go leanfaidh daoine atá faoi mhíchumas de na tacaíochtaí riachtanacha a fháil chun a chumasú dóibh maireachtáil go neamhspleách i roghanna tithíochta a mbaintear leas astu faoin Straitéis Tithíochta.

Ach is dóigh freisin go mbeidh costais leanúnacha agus costais bhreise le híoc ag FSS le linn dhúnadh céimnithe na suíomhanna comhchruinnithe. Measann FSS go mbeidh costais bhreise idirthréimhseacha thart ar €10,000 in aghaidh an duine ann (agus an figiúr sin

bunaithe ar thaighde atá déanta ag GENIO Foundation[10]) ós rud é nach mór (a) na costais a ghabhann le hinstitiúid a choimeád oscailte a íoc, agus (b) na costais a ghabhann le daoine a bhogadh isteach sa phobal a íoc freisin go dtí go n-aistrítear an duine deireanach. D'fhéadfadh sé sin a bheith níos costasaí i dtosach mar go mbíonn sé níos saoire, de ghnáth, daoine a bhainistiú i ngrúpaí móra.

A mhéid a bhaineann le daoine atá faoi mhíchumas fisiceach agus/nó intleachta agus a chónaíonn i Suíomh Comhchruinnithe, is é a fuarthas amach de réir na réamhchinntí ó Athbhreithniú Luach ar Airgead agus Beartais (VFM) i ndáil le Seirbhísí Míchumais[11], ar réamhchinntí iad ar mhiondealú na gcostas éagsúil a ghabhann le háiteanna cónaithe, ná go mbaineann tuairim is 85% de chostas áite cónaithe i suíomh comhchruinnithe le costais phá agus go mbaineann an 15% eile le costais neamh-phá. Baineann an chuid is mó de na costais phá le soláthar seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta pearsanta i bhfoirm foirne altranais agus cúntóirí cúraim. I dtaca le costais neamh-phá, beidh gá leis an gcuid is mó den mhaoiniúchán sin fós chun na suíomhanna a fhanfaidh ar oscailt a chothabháil. D'fhéadfadh sé go mbeidh sé indéanta an mhírcheann seo a athbhreithniú níos faide anonn chun a fháil amach an féidir aon mhaoiniúchán a scaoileadh. D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh i dtaobh saoráidí agus talamh atá folamh a shaoradh ach chaithfí breithniú a dhéanamh ina thaobh sin i gcomhthéacs riachtanas eile sa réimse sláinte amhail cúram príomha. Sa Tuarascáil ón nGrúpa Oibre ar Shuíomhanna Comhchruinnithe, moladh go ndéanfaí Ciste Suíomhanna Comhchruinnithe a chur ar bun chun costais aistrithe a mhaoiniú. Chun an rogha sin a chur i bhfeidhm, bheadh gá le pléite le soláthróirí seirbhíse i dtaobh leibhéal na ranníocaíochta, más ann, a d'fhéadfaidís a thairiscint. Sa chomhthéacs athraithe buiséid, ní dóigh go mbeadh aon mhaoiniúcháin státchiste ann. De bhreis air sin, ní dóigh go mbeidh rogha ann chun úinéireacht foirgneamh nó tailte cónaithe atá folamh a aistriú go dtí go mbeidh na suíomhanna sin folamh ar fad agus go ndéantar riachtanais mhalartacha FSS i leith na suíomhanna sin a bhreithniú.

Tá dul chun cinn mór déanta maidir leis an Athbhreithniú Luach ar Airgead agus Beartais agus samhlaítear go ndéanfar é a chur faoi bhráid an Aire Sláinte agus an Aire Míchumais agus Meabhair-Shláinte agus, sa deireadh, faoi bhráid an Rialtais, lena cheadú sa chéad leath den bhliain 2012. Táthar ag súil go bhfoilseofar é laistigh de thréimhse ghairid tar éis don Rialtas é a cheadú. Tá an tuarascáil chríochnaitheach aontaithe ag an nGrúpa Stiúrtha agus cuirtear san áireamh inti na moltaí a rinne an Sainghrúpa Athbhreithnithe ar Bheartas Míchumas agus torthaí an chomhairliúcháin phoiblí agus na hoibre anailíse atá déanta maidir

10 Tá tuilleadh eolais ar Genio le fáil in Aguisín 5.

11 Rinneadh Athbhreithniú Luach ar Airgead agus Beartais ar Sheirbhísí Míchumais chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht na seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas fisiceach, intleachta agus céadfach a chinntiú. Roghnaíodh na seirbhísí míchumais i gcomhair athbhreithnithe mar gheall ar an gcaiteachas mór a dhéantar ar an gclár gach bliain, mar gheall ar mhéid an daonra a mbíonn tionchar díreach ag na seirbhísí air agus mar gheall ar scóp agus ar nádúr na seirbhísí a chuirtear ar fáil. In 2011, ba ionann caiteachas FSS ar shainsheirbhísí míchumais agus thart ar €1.450 billiún. Tá dhá shnáithe san athbhreithniú: imscrúdú ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht an chláir reatha do sheirbhísí míchumais; agus athbhreithniú ar an mbeartas reatha maidir le seirbhísí míchumais arna maoiniú ag an Roinn Sláinte. Tá téarmaí tagartha an Athbhreithnithe Luach ar Airgead leagtha amach in Aguisín 6.

le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht an chláir seirbhísí míchumais atá ann faoi láthair. Cuspóir de chuid an Athbhreithnithe VFM ar Sheirbhísí Míchumais is ea go ndéanfar, thar am, maoiniú a spriocdhíriú ar mhodh níos cost-éifeachtúla agus níos éifeachtaí rud a fhágfaidh, de réir mar a bhfuiltear ag súil leis, go saorfar acmhainní breise sa mheántéarma. Sa ghearrthéarma, ní dóigh go mbeidh an tAthbhreithniú VFM ina chatalaíoch trína gcumasófar maoiniú FSS a aistriú go díreach i gcomhair roghanna tithíochta sóisialta. Ní hionann sin is a rá, áfach, nach mbainfear úsáid as an rogha maidir le saoradh maoiniúcháin láithrigh státchiste a bhaineann leis na suíomhanna comhchruinnithe.

### *6.2 Aistrithe ó Shaoráidí Cónaithe Meabhair-Shláinte*

**(a) Costais Mheabhair-Shláinte**

Sa Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, aithnítear 'go bhfuil teorainneacha ag baint le sonraí reatha maidir le socruithe maireachtála do dhaoine atá faoi mhíchumas meabhair-shláinte'. Baineann an teorainn sin freisin leis an maoiniúchán a chaitheann FSS faoi láthair ar sholáthar na seirbhísí sin. Tá an raon reatha cóiríochta atá ar fáil sna seirbhísí meabhair-shláinte tar éis forbairt mat chomhchuid dhílis de sholáthar na seirbhísí sin agus níl líne bhuiséid ar leithligh aige. Sa Tuarascáil ar an Athbhreithniú Luach ar Airgead dar teideal The Efficiency and Effectiveness of Long-Stay Care for Adults with the Mental Health Services (2009), breithníodh na hacmhainní a úsáidtear chun cúram fadchónaithe a sholáthar i seirbhísí meabhair-shláinte agus fuarthas amach nach bhfuil leithroinnt shoiléir buiséid ann le haghaidh aonad ar leithligh sa chuid is mó limistéar. I gcás ina bhfuil leithroinnt den sórt sin ann, baineann sé le cúram agus cóireáil meabhair-shláinte agus le bainistiú seirbhíse comhtháite, chomh maith le baint a bheith aige le cóiríocht. San iomlán, áfach, measann an tuarascáil go ndéantar 87.8% den chaiteachas ar fhadchónaí a úsáid chun costais phá a íoc agus go ndéantar 12.2% a leithroinnt i gcomhair costas neamh-phá.

Baineann an chuid is mó de na costais phá le soláthar seirbhísí sláinte agus seirbhísí pearsanta sóisialta i bhfoirm foirne altranais agus cúntóirí sláinte agus déantar cion níos lú díobh, idir 14% agus 21%, a chaitheamh ar fhoireann teaghlaigh agus tís. Leanfaidh FSS de sholáthar a dhéanamh maidir leis na riachtanais sláinte agus seirbhíse pearsanta sóisialta atá ag daoine a bhogann chuig socruithe maireachtála neamhspleáiche sa phobal agus, dá bhrí sin, beidh ar FSS fós íoc as na costais a ghabhann leis an soláthar sin.

Maidir leis na costais neamh-phá, is é a bhí sna 3 chatagóir is airde costas a sainaithníodh sa Tuarascáil ar Luach ar Airgead ná cothabháil, lónadóireacht agus cógaisíocht. Is ionann an lónadóireacht agus léiriú maith ar na deacrachtaí a shamhlaítear a bheidh ann le linn iarracht a dhéanamh tithíocht a scaradh ó chostais chúraim sláinte. Mar shampla, maidir le brú meánmhéide ina bhfuil 10 gcónaitheoir, d'fhéadfadh coimeádaí tí a bheith ann agus ullmhaíonn agus riarann an duine sin béilí mar chuid de na seirbhísí atá á soláthar do na cónaitheoirí. Laistigh den líon daoine a úsáideann an tseirbhís, d'fhéadfadh meascán cónaitheoirí a bheith ann a bhfuil measúnú cliniciúil déanta ina leith á rá gur gá béilí a sholáthar dóibh mar thacaíocht riachtanach ag an gcéim áirithe sin dá gcóireáil agus dá gcúram agus, chomh maith leis sin, d'fhéadfadh roinnt cónaitheoirí a bheith ann freisin nach

bhfuil measúnú ann ina leith anois á rá gur gá an tseirbhís sin a sholáthar dóibh ach nach ndearnadh cóiríocht oiriúnach mhalartach lena ngabhann leibhéal níos ísle tacaíochta a shainaithint dóibh fós. I gcomhthéacs chur i bhfeidhm na Straitéise Tithíochta, beidh dúshláin ann i ndáil le leithroinnt cuí na hacmhainne a fhreagraíonn do choimeádaí tí den sórt sin agus ní mór é a chinneadh ó chás go cás idir an tseirbhís sláinte agus an t-údarás áitiúil de réir mar a bheidh bailchríoch á cur ar phleananna amach anseo le haghaidh úsáideoirí seirbhíse in aon ionad ar leith.

Sa chomhthéacs sin, is é a bheidh sna chéad chéimeanna eile ná socrú a dhéanamh maidir le sraith chomhaontaithe critéar a mbeifear in ann úsáid a bhaint astu ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh cad iad na catagóirí faisnéise a bheidh ag teastáil sa deireadh chun sraith chomhsheasmhach figiúirí a sholáthar le haghaidh gach suímh cóiríochta ar leith ar fud na tíre. Ní go dtí go mbailítear an fhaisnéis sin a bheidh léargas níos soiléire ann ar an maoiniúchán láithreach ná ar an maoiniúchán ionchasach amach anseo do dhaoine faoi mhíchumas meabhair-shláinte.

**(b) Míchumas Meabhair-Shláinte – Riachtanas Breise Tithíochta**

Sa Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas sainaithnítear 3 chatagóir daoine faoi mhíchumas meabhair-shláinte a bhféadfadh sé tarlú ina leith, thar an tréimhse go dtí an bhliain 2016 agus dá éis sin, go mbogfar iad ó chúram cónaithe FSS chuig maireachtáil neamhspleách sa phobal. Ina meas sin, áirítear 429 n-othar nua fadchónaithe i suíomhanna comhchruinnithe agus 547 n-othar in ionaid chónaithe meántacaíochta agus 630 othar in ionaid chónaithe pobail ísealtacaíochta[12]. Le linn chéim chur i bhfeidhm na Straitéise Tithíochta, déanfar staid reatha an 1,606 dhuine sin a scrúdú go mion. Ní mór gá dá bharr sin measúnú cliniciúil a dhéanamh ar a stádas agus ar a n-oiriúnacht, nó a mhalairt, i ndáil le haistriú chuig maireachtáil neamhspleách.

**- Ionaid Chónaithe Pobail Ísealtacaíochta agus Meántacaíochta**

Maidir leis an 1,177 nduine a bhfuil cónaí orthu faoi láthair in ionaid chónaithe pobail ísealtacaíochta agus meántacaíochta, is dóigh go bhfuil na daoine sin i gcóiríocht atá inaistrithe chuig úinéireacht agus chuig bainistíocht údarás áitiúil iomchuí gan na daoine a bhogadh agus tiocfaidh na daoine sin chun bheith ina dtionóntaí de chuid údaráis áitiúil. Ach ní féidir an staid deiridh maidir le haistriú beartaithe na n-ionad cónaithe pobail sin a chinneadh go dtí go bhfuiltear ar an eolas faoi stádas na n-áitreabh lena mbaineann, go háirithe i dtéarmaí chaighdeán na n-áitreabh agus i dtaobh cad iad na gníomhaíochtaí, más ann, is gá chun a chinntiú go gcomhlíonann na háitribh na forálacha maidir le rochtain agus go gcomhlíonann siad na forálacha cuí agus na caighdeáin ghinearálta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh tithíochta sóisialta. Déanfar an fhaisnéis sin a bhailiú mar chuid den tsuirbhéireacht ar dhálaí a dhéanfaidh an Ghníomhaireacht Tithíochta agus a gcuirfear tús léi go gairid. Thairis sin, is ceart maoiniúchán a úsáidtear faoi láthair i gcomhthéacs chothabháil agus chothú na n-áitreabh sin a shainaithint agus a aistriú chuig údaráis tithíochta agus glacfaidh na húdaráis sin freagracht chucu féin as oibreacha leanúnacha

[12] Tá láithreacha na n-ionad cónaithe seo leagtha amach i learscáil atá ceangailte le Aguisín 7.

cúraim agus cothabhála. Cinnfear sin a luaithe a shainaithnítear an líon agus an cineál áitreabh a bheidh le haistriú chuig an earnáil údaráis áitiúil.

Maidir leis na cónaitheoirí atá i gceist, áfach, ní mór deis a thabhairt dóibh ar dtús roghnú a dhéanamh i dtaobh an mian leo fanacht ina gcóiríocht reatha nó, fiú amháin, ina limistéar cónaithe reatha. D'fhéadfadh sé a bheith indéanta ansin, sna cásanna sin ina bhfuil seirbhís seachas seirbhís sláinte agus seirbhís phearsanta shóisialta, á soláthar ag FSS, an fhreagracht sin a aistriú chuig an údarás áitiúil freisin, i suíomh pobail, agus, más indéanta, is ceart maoiniúchán FSS a aistriú sa tslí chéanna tar éis é a shainaithint. D'fhéadfadh sé go mbeidh ar roinnt cónaitheoirí bogadh chuig seirbhísí ardtacaíochta FSS agus d'fhéadfadh sé, freisin, go mbeidh ar roinnt eile aistriú chuig cóiríocht teaghlaigh nó chuig cóiríocht phríobháideach.

- **Othair Nua Fadchónaithe**

San Athbhreithniú Luach ar Airgead dar teideal The Efficiency and Effectiveness of Long-Stay Care for Adults with the Mental Health Services (2009) measadh, maidir leis na 429 n-othar nua fadchónaithe, go mbogfaidh 50% díobh chuig seirbhísí ardtacaíochta FSS agus go bhféadfadh meántacaíocht a bheith ag teastáil ó chuid acu ar feadh tamaill sula bhféadfaidís aistriú go hiomlán chuig maireachtáil neamhspleách. D'fhéadfadh cuid de na daoine sin bogadh chuig cóiríocht teaghlaigh nó chuig cóiríocht phríobháideach nó chuig tithe altranais poiblí nó chuig tithe altranais príobháideacha. Ós rud é go bhfuil gá le meastóireacht a dhéanamh ar gach duine agus ar an soláthar cóiríochta ar bhonn gach duine ar leithligh agus le lamháil do na daoine sin rogha phearsanta a dhéanamh, is próiseas mall é de riachtanas an próiseas aistrithe. Ach is ceart an próiseas a bhunú go comhoibritheach idir FSS, úsáideoirí na seirbhíse agus na húdaráis áitiúla chun an t-aistriú sin a éascú a luaithe is féidir. Is ceart a lua freisin go mbeidh ar FSS, ó tharla go mbeidh air seirbhísí ardtacaíochta a sholáthar do roinnt de na daoine sin, meastóireacht a dhéanamh i dtaobh an mbeidh dóthain áiteanna den sórt sin ar fáil sa deireadh fiú amháin nuair a bhogann daoine eile a bhfuil cóiríocht acu ansin faoi láthair chuig maireachtáil neamhspleách sa phobal.

- **Daoine atá faoi Mhíchumas Intleachta laistigh de Sheirbhísí Meabhair-Shláinte**

Is ceart a lua go bhfuil grúpa sainaitheanta daoine ann freisin ar daoine iad a bhfuil fáthmheas míchumais intleachta déanta ina leith agus, ina theannta sin, a bhfuil míchumais mheabhair-shláinte acu agus ar daoine iad a bhfuil cónaí orthu in ospidéil nó in aonaid mheabhair-shláinte. Sa bhliain 2010, ba é a bhí sa líon measta daoine sin ná 238 gan atithíocht a bheith ag teastáil ó gach duine díobh. Tá cónaí ar thuairim is 140 de na daoine sin i Seirbhís St Joseph ar champas meabhair-shláinte St Ita i bPort Reachrann agus tá cónaí ar an gcuid is mó de na daoine eile in aonaid ar fud na tíre i gcomhchruinnithe ina bhfuil níos lú ná 4 iontu. De réir na faisnéise is déanaí atá ar fáil ón mBunachar Sonraí Náisiúnta Míchumais Intleachta (Tuarascáil Bhliantúil 2010), léirítear gur gá 147 nduine a aistriú chuig cóiríocht mhalartach cónaithe, agus go bhfuil leibhéil déine tacaíochta ag teastáil ó fhormhór

na ndaoine sin. I gcomhréir leis an ngealltanas sa Chlár Rialtais i leith forbairt a dhéanamh ar straitéisí sonracha do dhaoine faoi mhíchumas intleachta a fhanann faoi chúram seirbhísí meabhair-shláinte, déanfar na socruithe is oiriúnaí maireachtála do dhaoine sa ghrúpa seo, ar daoine a mbeidh atithíocht ag teastáil ina leith, a chinneadh i gcomhthéacs ar dá réir a dhéanfaidh FSS pleananna duine-láraithe a fhorbairt. Go dtí go gcuirtear an próiseas sin i gcrích, níl sé indéanta meastachán a dhéanamh ar an líon daoine a roghnóidh rogha tithíochta sóisialta laistigh den phobal.

**(c) Costais Mheasta Tithíochta do Dhaoine a bheidh ag Aistriú ó Shaoráidí Meabhair-Shláinte Cónaithe**

Sna cúinsí a rianaítear thuas, is dóigh gurb é a bheidh sa líon daoine a aistreoidh ó shaoráidí cónaithe meabhair-shláinte FSS chuig tithíocht shóisialta nua a sholáthróidh údaráis áitiúla (ar tithíocht í nach n-aistreofar ó FSS) ná líon atá thart ar 200 duine nó níos lú thar thréimhse 5 bliana. Samhlaítear go mbeidh tromlach na ndaoine sin in ann socruithe maireachtála neamhspleáiche a bhaint amach. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go ndéanfar scéim tacaíochtaí laghdaitheacha, a bheidh bunaithe ar chur chuige ina dtugtar tosaíocht do thithíocht, a fhorbairt chun cabhrú leis na daoine seo aistriú a dhéanamh chuig maireachtáil neamhspleách i dtithíocht phríomhshrutha. Déanfar cóiríocht oiriúnach a fhoinsiú trí thionscnamh léasúcháin na n-údarás áitiúil agus soláthrófar tacaíochtaí tionóntachta, ar bhonn laghdaitheach, de réir mar a théann daoine ar aghaidh chuig maireachtáil neamhspleách.

Meastar gurb é a d'fhéadfadh a bheith sa chostas a ghabhann le cóiríocht oiriúnach agus tacaíochtaí tionóntachta a sholáthar, ar feadh bliana, do dhaoine faoin scéim bheartaithe seo ná thart ar **€1.357 milliún**.[13] Ach beidh na costais tosaigh agus na costais leanúnacha bhliantúla ag brath ar an scála ar dá réir a aistrítear daoine ó shaoráidí meabhair-shláinte thar an tréimhse 5 bliana agus ar leibhéal na dtacaíochtaí a bheidh ag teastáil. Cé nach bhfuil sé indéanta an líon daoine a bheidh in ann aistriú i mbliain 1, i mbliain 2 etc. a shainaithint go cruinn faoi láthair, d'fhéadfaí glacadh leis go mbogfaidh thart ar 40 duine i mbliain 1 agus thabhódh sé sin costas **€0.35 milliún** i mbliain 1.

De bhreis air sin, is dóigh go mbeidh tacaíochtaí tionóntachta ag teastáil i leith daoine a bhfuil cónaí orthu faoi láthair in ionaid chónaithe pobail ísealtacaíochta agus meántacaíochta agus a aistreoidh in situ chuig tionóntachtaí údaráis áitiúil ar chostas measta bliantúil **€0.5 milliún**.[14] Thairis sin, d'fhéadfadh costais bhreise tithíochta agus tacaíochta tionóntachta a bheith ann i leith daoine ar mian leo, tar éis na n-ionad cónaithe sin a aistriú chuig údaráis áitiúla, bogadh amach as an gcóiríocht sin chuig socruithe maireachtála níos neamhspleáiche. Maidir leis na riachtanais mhaoiniúcháin i leith ionaid chónaithe pobail ísealtacaíochta agus meántacaíochta a uasghrádú agus a oiriúnú i gcomhair na feidhme atá le baint astu, beidh siad níos soiléire i gcomhthéacs thorthaí na suirbhéireachta ar dhálaí atá le déanamh ag an nGníomhaireacht Tithíochta.

[13] Ag glacadh leis nach mbeidh tréimhse na tacaíochta tionóntachta níos faide ná 12 mí.
[14] Ag glacadh leis nach mbeidh ann ach seirbhís thacaíochta amháin do gach ionad cónaithe pobail.

I dtéarmaí na seirbhísí tacaíochta tionóntachta do dhaoine faoi mhíchumas meabhair-shláinte, samhlaítear i gcoitinne gurb iad na húdaráis áitiúla a sholáthróidh na seirbhísí sin go príomha ach tá sé curtha in iúl ag FSS, i bprionsabal, maidir le cás ina bhfuil aon acmhainní gaolmhara ann i ndáil le soláthar na gcineálacha sin tacaíochtaí i gcumraíochtaí reatha, amhail i roinnt ionad cónaithe pobail ísealtacaíochta agus meántacaíochta, gur féidir na tacaíochtaí sin a úsáid chun cothabháil tionóntachtaí a éascú.

### *6.3 Costais Bhreise Tithíochta agus Tacaíochta a bheidh ann don Earnáil Rialtais Áitiúil*

I bhfianaise na dtoimhdí agus na hamlínte a leagtar amach thuas, tá sé soiléir go mbeidh costais shuntasacha bhreise ann don earnáil rialtais áitiúil má tá an earnáil sin chun tithíocht chuí agus tacaíochtaí cuí tionóntachta a sholáthar do dhaoine a bheidh ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe agus ó shaoráidí meabhair-shláinte.

Go hachomair, sa tréimhse ón mbliain 2013 go dtí an bhliain 2019, meastar go mbeidh soláthar nua tithíochta sóisialta ag teastáil ó thart ar 2,300 duine faoi mhíchumas, Ar soláthar é a shamhlaítear a chuirfear ar fáil trí shocruithe léasúcháin. De bhreis air sin, beidh tacaíochtaí tionóntachta ag teastáil ó 200 díobh sin chun dul ar aghaidh chuig maireachtáil neamhspleách a éascú agus beidh seirbhísí tacaíochta tionóntachta ag teastáil freisin ó chuid mhór den 1,177 nduine a bhfuil cónaí orthu faoi láthair in ionaid mheabhair-shláinte cónaithe pobail ísealtacaíochta agus meántacaíochta, ar daoine iad a thiocfaidh chun bheith ina dtionóntaí de chuid údarás áitiúil. Dá bhrí sin, is é a bheidh sa mhaoiniúchán reatha breise a mheastar a bheidh le híoc ag an earnáil rialtais áitiúil ná suim thart ar **€2.8 milliún** i mbliain 1 go **€15.1 milliún** i mbliain 7 agus bheadh sé sin ina chostas athfhillteach bliantúil ina dhiaidh sin. Samhlaítear nach mbeidh gá le costais bhliain 1 go dtí an bhliain 2013.

Dá bhrí sin, meastar go mbeadh gá le suas le €2 mhilliún ag teastáil sa bhliain 2013 chun freastal ar an riachtanas tithíochta iarbhír a bheidh ag suas le 300 duine a bhféadfaí a bheith ag súil ina leith go n-imeoidh siad as suíomhanna institiúideacha agus go bhfaighidís cóiríocht i dtithíocht shóisialta. Tar éis pléite déthaobhacha idir an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil agus an Roinn Sláinte, agus á chur san áireamh nach bhfuil sé soiléir fós cad é an líon daoine a bheidh ag aistriú ó chúram institiúideach agus a bhainfidh leas as roghanna tithíochta sóisialta, tá an Roinn Sláinte tar éis aontú cúnamh a thabhairt maidir leis na costais a bheidh ann. Tá sé beartaithe go ndéanfar na costais sin a íoc, sa bhliain 2013, trí leithroinnt maoiniúcháin €1 mhilliún a chur ar leataobh ón gcomhchuid mhíchumais de bhuiséad caipitiúil FSS sa bhliain 2013, ar comhchuid é atá ar leithligh ón bpríomhsholáthar i leith Seirbhísí Míchumais. Déanfar an méid tosaigh sin a imfhálú chun freastal ar an riachtanas breise tithíochta agus déanfar socruithe, mar chuid de phróiseas Mheastacháin 2013, chun an maoiniúchán a aistriú chuig Vóta na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil chun freastal ar an éileamh ar thithíocht shóisialta le linn na bliana 2013. Táthar ag súil go mbeifear in ann suas go 150 aonad nua tithíochta sóisialta a sholáthar leis an maoiniúchán tosaigh sin. Tá an próiseas seo comhaontaithe, i bprionsabal, leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ach tá sé tábhachtach a lua go mbeidh ar an Roinn Sláinte, i gcás ina n-éiríonn an riachtanas iomlán measta i gcomhair tithíochta sa bhliain 2013, tuilleadh maoiniúcháin a shainaithint lena aistriú chuig Vóta na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil sa bhliain 2013. Thairis sin, beidh aon dul chun cinn amach anseo maidir leis na tograí i gcomhair aistrithe ag brath ar infhaighteacht maoiniúcháin chuí leantaigh chun freastal a dhéanamh ar an riachtanas breise a bheidh ann i ndáil le tithíocht shóisialta.

Trí leas a bhaint as taithí a gheofar sa bhliain 2013, déanfaidh an earnáil Sláinte socruithe maidir le tuilleadh maoiniúcháin a aistriú sa bhliain 2014 agus leanfaidh sí de scrúdú a dhéanamh ar na roghanna chun maoiniúcháin a scaoileadh dá éis sin.  Beidh pléite ann leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun éifeacht a thabhairt do na tograí seo.

Is iad seo a leanas na príomhghníomhaíochtaí maoiniúcháin a bheidh ann chun soláthar tacaíochtaí tithíochta sóisialta a éascú do dhaoine a bheidh ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe agus ó shaoráidí meabhair-shláinte:

- Sa bhliain 2013, déanfar leithroinnt tosaigh €1 mhilliún a sholáthar ón gcomhchuid mhíchumais de Bhuiséad Caipitiúil FSS, ar leithligh ón bpríomhsholáthar do Sheirbhísí Míchumais.  Tacóidh sé sin le soláthar suas go 150 aonad nua tithíochta sóisialta do dhaoine atá ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe agus ó shaoráidí meabhair-shláinte.  Cuirfear socruithe i bhfeidhm, mar chuid de phróiseas Mheastacháin 2013, chun aistriú an mhaoiniúcháin sin ón mBuiséad Sláinte go dtí Vóta RCPRÁ a éascú.

- Cuirfear socruithe i bhfeidhm chun aistriú tuilleadh maoiniúcháin ón mBuiséad Sláinte go dtí Vóta RCPRÁ a éascú d'fhonn tacú leis an bpróiseas aistrithe sa bhliain 2013, sa bhliain 2014 agus dá éis sin.

- Mar chuid den phróiseas a ghabhann le sainaithint acmhainní maoiniúcháin amach anseo, áireofar scrúdú a dhéanfaidh FSS, i gcomhthéacs luach ar airgead a bhaint amach thar gach caiteachas míchumais, ar na costais neamhphá a bhaineann le seirbhísí míchumais, lena n-áirítear na costais neamhphá a bhaineann le suíomhanna comhchruinnithe.  Déanfar an scrúdú sin d'fhonn iniúchadh a dhéanamh maidir leis an rogha chun maoiniúchán meántéarma a scaoileadh ón mbuiséad ginearálta míchumais chun tacaíocht a thabhairt i ndáil leis na costais a ghabhann le soláthar roghanna breise tithíochta sóisialta.  Le linn an scrúdaithe sin, tabharfar aird ar na himpleachtaí foriomlána atá ann do chumas airgeadais FSS agus ar an riachtanas tosaíochta maidir le tacaíochtaí sláinte a chothabháil sa chéad ásc.

- Déanfaidh Grúpa Náisiúnta Forfheidhmithe FSS ar an Tuarascáil ar Shuíomhanna Comhchruinnithe scrúdú ar an scóip chun 'Ciste Suíomhanna Comhchruinnithe' a fhorbairt chun foinsí nó sruthanna breise maoiniúcháin a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith ina gcabhair maidir le haistriú daoine ó shuíomhanna comhchruinnithe chuig

maireachtáil phobal-bhunaithe a mhaoiniú, lena n-áirítear uilechuimsitheacht shóisialta agus phobail, ag féachaint do na himpleachtaí foriomlána do chumas airgeadais FSS.

- Déanfar maoiniúchán a úsáidtear faoi láthair maidir le cothabháil agus cothú ionad cónaithe pobail íseatacaíochta agus meántacaíochta atá le haistriú chuig úinéireacht údarás áitiúil a shainaithint d'fhonn é a aistriú ón mBuiséad Sláinte go dtí Vóta RCPRÁ. Baileofar an fhaisnéis sin mar chuid den tsuirbhéireacht ar dhálaí a bheidh á déanamh ag an nGníomhaireacht Tithíochta.

# 7. Gníomhaíochtaí Tacaíochta

Tá 18 ngníomhaíocht tosaíochta ann sa Chreat maidir le Cur i bhFeidhm agus beidh tacaíocht ann ina leith ó raon príomhbheart a ndéanfar freagracht ina leith a shannadh do na príomh-gheallsealbhóirí. Tá raon gníomhaíochtaí tábhachtacha eile leagtha amach agus déanfar dul chun cinn i ndáil leo sin i gcomhréir le héilimh thosaíochta agus/nó trí threoir a fhorbairt agus a sholáthar ar mhaithe le cur i bhfeidhm ar leibhéal áitiúil.

## Aidhm Straitéiseach 1:
## Comhionannas rochtana ar réimse iomlán roghanna tithíochta a chur chun cinn agus a phríomhshruthú

Sa Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas leagtar amach an creat ar tríd a dhéanfar freastal ar riachtanais daoine trí bheartas tithíochta príomhshrutha. Ciallaíonn sé sin nach mór gach duine atá faoi mhíchumas agus a bhfuil gá aige nó aici le tacaíocht tithíochta a shainaithint agus go ndéantar roghanna cuí soláthair tithíochta a chur ar fáil chun freastal éifeachtach a dhéanamh ar an ngá sin. Leanfaidh sásraí soláthair níos nua-aimseartha, amhail léasúchán agus an Scéim um Chóiríocht ar Cíos, de ról níos tábhachtaí fós a bheith acu maidir le freastal ar an riachtanas tithíochta sóisialta amach anseo.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 1.1: Rochtain ar Thithíocht Shóisialta:** A chinntiú go bhfuil rochtain chothrom ann do dhaoine faoi mhíchumas ar thacaíochtaí iomchuí tithíochta sóisialta

**Príomhbhearta**

1.1.1 Beidh próiseas foirmiúil teagmhála ann idir na húdaráis tithíochta, FSS agus na soláthróirí seirbhísí míchumais chun a chinntiú go bhfaighidh gach duine faoi mhíchumas faisnéis agus cúnamh nuair a dhéantar meastóireacht ar leithligh ar riachtanas tithíochta. Beidh an próiseas seo dírithe ar dhaoine faoi mhíchumas a bhfuil cónaí orthu sa phobal nó faoi chúram institiúideach agus a bhféadfadh tacaíochtaí tithíochta sóisialta a bheith ag teastáil uathu faoi láthair nó amach anseo. Gheofar tacaíocht don phróiseas seo trí prótacal náisiúnta a chur i bhfeidhm ar prótacal é trína rialófar meastóireacht straitéiseach riachtanas tithíochta daoine faoi mhíchumas (féach Príomhbheart 2.2.1).

1.1.2 Tar éis gach meastóireachta ar riachtanas ar leithligh tithíochta, déanfaidh údaráis tithíochta ráiteas ar a riachtanas tithíochta a sholathar do gach duine faoi mhíchumas. Déanfar an réiteach is cuí tithíochta a shainaithint sa ráiteas agus déanfar foráil, a mhéid is féidir, maidir le roghanna ar leithligh teaghlaigh agus sainaithneofar ann freisin, i gcomhar le FSS, na solathróirí seirbhíse agus na heagraíochtaí iomchuí míchumais agus cineál agus méid an chúraim agus na dtacaíochtaí a bheidh ag teastáil. Déanfar sainaithint na dtacaíochtaí a éascú, de réir mar is cuí, trí chomhoibriú éifeachtach idirghníomhaireachta. Déanfaidh an Ghníomhaireacht Tithíochta teimpléad agus treoirlínte maidir le ráiteas ar riachtanas tithíochta a fhorbairt do na húdaráis tithíochta.

1.1.3 Forbróidh údaráis tithíochta straitéisí sonracha chun freastal a dhéanamh go háitiúil ar na riachtanais shainaitheanta tithíochta atá ag daoine faoi mhíchumas fisiceach, intleachta, meabhair-shláinte agus céadfach. Beidh na straitéisí sin bunaithe ar fhaisnéis ó na meastóireachtaí ar riachtanas tithíochta agus ar chomhairliúchán níos foirmiúla le gníomhaireachtaí reachtúla iomchuí, le grúpaí úsáideoirí seirbhísí agus le heagraíochtaí míchumais. Beidh na straitéisí seo ina gcuid dhílis de Phleananna Seirbhísí Tithíochta údarás áitiúil agus cuirfidh siad soláthar cóiríochta do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn, agus tacóidh siad leis sin, trí úsáid a bhaint as gach sásra cuí soláthair tithíochta.

1.1.4 I gcomhréir le forbairt straitéisí sonracha tithíochta míchumais, déanfaidh údaráis tithíochta breithniú i dtaobh codanna áirithe d'aonaid a chur in áirithe chun freastal ar riachtanas sonrach sainaitheanta laistigh de gach straitéis mhíchumais.

| | |
|---|---|
| **Róil Cheannais:** | **RCPRÁ, na hÚdaráis Tithíochta, an Ghníomhaireacht Tithíochta, FSS, Eagraíochtaí Míchumais** |
| **Amlínte:** | **2012 - 2013** |
| **PTF-anna:** | **Treoir maidir le ráiteas ar riachtanas tithíochta a bheith forbartha faoi R 1, 2013. Straitéisí tithíochta a bheith forbartha faoi 2012/2013. Cur i bhfeidhm Pleananna Seirbhísí Tithíochta i gcomhréir le cur i bhfeidhm céimnithe Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009.** |

**Gníomhaíocht Tosaíochta 1.2: Tionscnamh Léasúcháin Fadtéarma agus an Scéim um Chóiríocht ar Cíos:** Úsáid mhéadaithe léasúcháin agus SCC a chur chun cinn chun freastal ar na riachtanais tithíochta fadtéarma atá ag daoine faoi mhíchumas.

**Príomhbhearta**

1.2.1 Déanfaidh údaráis tithíochta sásraí áitiúla a chur i bhfeidhm chun tacú le SCC agus le léasúchán d'fhonn freastal éifeachtach a dhéanamh ar riachtanais tithíochta daoine faoi mhíchumas. Maidir leis na sásraí sin, cuirfear san áireamh iontu na riachtanais éagsúla a ghabhann le míchumais éagsúla, amhail an gá le hoiriúnuithe fisiceacha nó le sonraíochtaí sonracha i dtaca le dearadh agus suíomh. Gheofar tacaíocht don chreat seo ó idirchaidreamh éifeachtach le FSS agus le heagraíochtaí iomchuí míchumais agus léireofar é i straitéisí iomchuí tithíochta.

1.2.2 Féachfaidh údaráis tithíochta leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as socruithe léasúcháin de chineál SCC chun freastal ar an riachtanas tithíochta fadtéarma atá ag daoine faoi mhíchumas ar daoine iad nach bhfaigheann forlíonadh cíosa.

1.2.3 Déanfar scrúdú agus forbairt ar shásraí chun maoiniú a dhéanamh ar oibreacha oiriúnúcháin ar aonaid SCC agus ar aonaid léasaithe d'fhonn freastal a dhéanamh, laistigh d'acmhainní láithreacha, ar riachtanais daoine faoi mhíchumas fisiceach agus céadfach. Déanfar faisnéis i ndáil le scála agus cineál na n-oibreacha oiriúnúcháin atá ag teastáil a bhailiú tríd an bpróiseas meastóireachta riachtanais.

| | |
|---|---|
| **Róil Cheannais:** | **Na hÚdaráis Tithíochta, RCPRÁ, an Ghníomhaireacht Tithíochta, FSS, Eagraíochtaí Míchumais** |
| **Amlínte:** | **Leanúnach ón mbliain 2012** |
| **PTF-anna:** | **Treochtaí/an líon daoine faoi mhíchumas a fhaigheann rochtain ar thacaíochtaí tithíochta sóisialta trí SCC agus trí léasúchán.** |

**Gníomhaíocht Tosaíochta 1.3: Rochtain Mhéadaithe ar an Earnáil Chóiríochta Príobháidí ar Cíos:** Úsáid na hearnála cóiríochta príobháidí ar cíos a chur chun cinn chun freastal ar na riachtanais tithíochta atá ag daoine faoi mhíchumas.

**Príomhbhearta**
1.3.1 Déanfar scrúdú i dtaobh an féidir dreasachtaí a sholáthar do thiarnaí talún a sholáthraíonn cóiríocht atá oiriúnach do na riachtanais atá ag daoine faoi mhíchumas.

1.3.2 Rachfar i mbun feachtas méadaithe feasachta i measc tiarnaí talún príobháideacha agus gníomhairí ligin maidir le háitribh a ligean ar cíos le daoine atá faoi mhíchumas.

1.3.3 Táthar chun saincheisteanna sonracha a éiríonn i leith chur i bhfeidhm na scéime um fhorlíonadh cíosa do dhaoine faoi mhíchumas a bhreithniú i gcomhthéacs tograí chun an scéim a aistriú ón Roinn Coimirce Sóisialaí chuig na húdaráis tithíochta.

| | |
|---|---|
| **Róil Cheannais:** | **RCPRÁ, RCPA, RCS, an Ghníomhaireacht Tithíochta, na hÚdaráis Tithíochta, ÚNM** |
| **Amlínte:** | **Leanúnach ón mbliain 2012** |
| **PTF-anna:** | **An líon daoine faoi mhíchumas a fhaigheann rochtain ar chóiríocht oiriúnach san earnáil chóiríochta príobháidí ar cíos. An líon daoine faoi mhíchumas a fhaigheann rochtain ar fhorlíonadh cíosa.** |

**Príomhghníomhaíochtaí Eile**
Déanfar dul chun cinn maidir leis na príomhghníomhaíochtaí seo a leanas i gcomhréir leis na gníomhaíochtaí tosaíochta agus/nó trí fhorbairt agus trí sholáthar treorach chun cur i bhfeidhm a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil.

- Scrúdú a dhéanamh i dtaobh an féidir spreagadh a thabhairt i leith conarthaí níos faide faoin SCC;
- Anailís a dhéanamh ar shonraí an Athbhreithnithe Luach ar Airgead ar SCC chun tionchar na scéime a chinneadh maidir le freastal ar na riachtanais atá ag daoine faoi mhíchumas
- A chinntiú go ndéantar an Beartas Nua maidir le Leithroinnt a chur i bhfeidhm go héifeachtach chun a chinntiú go dtugtar tús áite do theaghlaigh ina bhfuil daoine faoi mhíchumas agus a bhfuil gá acu le tacaíochtaí tithíochta sóisialta;
- A chinntiú go bhfuil riachtanais leanaí faoi mhíchumas i láthair na huaire agus amach anseo lárnach sa phróiseas leithroinnte tithíochta do theaghlaigh;
- Is ceart go léireoidh tograí forbartha comhlachtaí ceadaithe tithíochta pleananna iomchuí na n-údarás áitiúil um sheirbhísí tithíochta agus is ceart go mbeidh na tograí sin i gcomhréir leis na pleananna sin.

---

## Aidhm Straitéiseach 2
## Prótacail agus creataí náisiúnta a fhorbairt ar mhaithe le comhoibriú éifeachtach idirghníomhaireachta

---

Chun soláthar duine-láraithe tacaíochtaí tithíochta agus tacaíochtaí gaolmhara a sholáthar is gá creat daingean idirghníomhaíochta a bheith ann, agus tacaíocht aige ó phrótacail náisiúnta idirghníomhaíochta trína n-éascaítear soláthar comhtháite seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 2.1: Cur chuige comhordaithe maidir le soláthar seirbhísí**

**Príomhbhearta**
2.1.1 Grúpaí Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais (GSTM-anna) a bhunú i ngach limistéar comhairle contae/cathrach chun gníomhartha comhtháite trathúla a éascú i ndáil le riachtanais tithíochta daoine faoi mhíchumas. Beidh na GSTM-anna faoi chathaoirleacht Stiúrthóirí na Seirbhísí Tithíochta agus beidh ionadaithe orthu ó FSS agus ó na

príomhearnálacha míchumais.  Déanfaidh an Ghníomhaireacht Tithíochta treoir maidir le bunú GSTM-anna a fhorbairt agus tabharfar aghaidh inti, inter alia, ar an tslí is éifeachtaí ina n-oibreoidh na grúpaí laistigh de na struchtúir láithreacha, lena n-áirítear trí fhorbairt a dhéanamh ar naisc agus ar shineirgí le Fóraim Shainchomhairleacha Réigiúnacha agus Áitiúla FSS agus le Foirne Réigiúnacha agus Áitiúla Forfheidhmithe Suíomhanna Comhchruinnithe.  Bainfidh an treoir leas freisin as múnlaí láithreacha comhoibrithe chun cabhair a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm náisiúnta.

| | |
|---|---|
| **Róil Cheannais:** | **An Ghníomhaireacht Tithíochta, na hÚdaráis Tithíochta, FSS, Eagraíochtaí Míchumais** |
| **Amlínte:** | **2013** |
| **PTF-anna:** | **Treoir a bheith forbartha faoi R 1, 2013. GSTM-anna a bheith bunaithe faoi R 3, 2013.** |

**Gníomhaíocht Tosaíochta 2.2:  Tacaíocht a thabhairt i ndáil le Creat i gcomhair Prótacail Náisiúnta Idirghníomhaireachta**

**Príomhbhearta**

2.2.1  Forbrófar prótacal náisiúnta idirghníomhaireachta trína rialófar meastóireacht reachtúil chineál agus méid na riachtanas tithíochta áitiúla atá ag daoine faoi mhíchumas. Déanfaidh an prótacal bunú sásraí foirmiúla a éascú trína ndéanfar malartú sonraí agus faisnéise idir na gníomhaireachtaí iomchuí a éascú agus beidh sé ina chabhair maidir le freastal éifeachtach a dhéanamh ar na riachtanais tithíochta atá ag daoine a chónaíonn sa phobal agus ag daoine atá ag aistriú ó chúram institiúideach (féach Príomhbheart 1.1.1).

2.2.2  Déanfar prótacail bhreise náisiúnta idirghníomhaireachta a fhorbairt agus déanfar athbhreithniú ar phrótacail láithreacha, de réir mar is cuí.

| | |
|---|---|
| **Róil Cheannais:** | **RCPRÁ, R/Sláinte, CBCC, FSS, an Ghníomhaireacht Tithíochta** |
| **Amlínte:** | **Grúpa Oibre an Phrótacail a bheith bunaithe faoi R 4, 2012. Prótacal a bheith forbartha faoi lár na bliana 2013.** |
| **PTF-anna:** | **Prótacail a bheith curtha i bhfeidhm go héifeachtach.** |

**Gníomhaíocht Tosaíochta 2.3: Comhordú Feabhsaithe maidir le Maoiniúchán Míchumais**

**Príomhbhearta**

2.3.1 Mar chuid den phróiseas meastachán ilbhliantúil, déanfar creat foirmiúil a ghlacadh ar mhaithe le comhordú feabhsaithe an mhaoiniúcháin chaipitiúil agus ioncaim do thithíocht agus do thacaíochtaí gaolmhara. Gné thábhachtach den chreat sin is ea maoiniúchán a shainaithint chun tacaíocht a thabhairt i ndáil leis an riachtanas breise tithíochta sóisialta a éiríonn i gcomhthéacs daoine ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe agus ó shaoráidí meabhair-shláinte.

| | |
|---|---|
| **Róil Cheannais:** | **RCPRÁ, R/Sláinte, RCPA** |
| **Amlínte:** | **Ar bhonn bliantúil ón mbliain 2012 i gcomhthéacs Mheastacháin 2013.** |
| **PTF-anna:** | **Socruithe feabhsaithe comhordaithe maidir le maoiniúchán. Sásraí maoiniúcháin inchothaithe a bheith sainaitheanta chun tacaíocht a thabhairt i ndáil le tograí a bhaineann le haistriú.** |

**Príomhghníomhaíochtaí Eile**

Déanfar dul chun cinn maidir leis na príomhghníomhaíochtaí seo a leanas i gcomhréir leis na gníomhaíochtaí tosaíochta agus/nó trí fhorbairt agus trí sholáthar treorach chun cur i bhfeidhm a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil:

- Socruithe a fhorbairt, de réir mar is cuí, maidir le tuilleadh comhoibrithe idir údaráis tithíochta agus FSS i ndáil le soláthar seirbhísí tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas;

- Le linn tacaíochtaí tithíochta agus tacaíochtaí gaolmhara a sholathar, a chinntiú go léirítear comhoibriú idirghníomhaireachta ar leibhéal sinsearach laistigh d'eagraíochtaí iomchuí agus go bhfaightear tacaíocht ar an leibhéal sin don chomhoibriú sin;

- Sásraí áitiúla a fhorbairt chun a bheith mar bhonn agus mar thaca le comhoibriú éifeachtach idirghníomhaireachta;

- A chinntiú go léirítear ról agus cúraimí Grúpaí Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais nuair a dhéantar pleananna um sheirbhísí tithíochta a fhorbairt;

- A chinntiú go ndéantar an méid seo a leanas a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go leanúnach:
  - an Prótacal Tacaíochta Costas lena rialaítear comhordú maoiniúcháin chaipitiúil agus ioncaim do chostais tacaíochta a bhaineann le seirbhís sláinte, ar maoiniúchán é do thionscadail a sholáthraíonn comhlachtaí ceadaithe tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas; agus
  - meastóireacht ar leithligh ar na riachtanais tithíochta agus ar na riachtanais ghaolmhara tacaíochta atá ag daoine faoi mhíchumas meabhair-shláinte.

## Aidhm Straitéiseach 3
## Tacaíocht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas chun maireachtáil go neamhspleách

Chun maireachtáil neamhspleách a chur chun cinn is gá raon gníomhaíochtaí spriocdhírithe a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear tacaíochtaí chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas fanacht sa bhaile nó cabhrú leo tar éis míchumas nó saincheist soghluaisteachta aois-bhainteach a theacht chun cinn, rochtain chothrom a sholáthar ar roghanna agus ar shásraí dearthóireachta chun tacú le daoine faoi mhíchumas ar mian leo maireachtáil neamhspleách a bhaint amach agus a chothabháil.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 3.1: Freastal a dhéanamh go héifeachtach ar na riachtanais fadtéarma inrochtaineachta tithíochta atá ag daoine faoi mhíchumas**

**Príomhbhearta**

3.1.1 Déanfar scrúdú ar 'bheartas tithíochta saoil' agus ar dhearadh uilechoiteann. Mar chuid den scrúdú sin, déanfar breithniú, inter alia, ar impleachtaí iomchuí eacnamaíochta agus déanfar athbhreithniú ar chaighdeáin agus ar dhea-chleachtais láithreacha idirnáisiúnta i ndáil le tithe cónaithe saoil.

3.1.2 Mar chuid den chur chuige seo, déanfar scrúdú ar na riachtanais shonracha inrochtaineachta atá ag úsáideoirí cathaoireacha rothaí agus áireofar ann, de réir mar is cuí, forbairt treorach faoi dhearthóireacht atá inrochtaine do chathaoireacha rothaí de réir mar is gá chun freastal ar an riachtanas tithíochta.

| | |
|---|---|
| **Róil Cheannais:** | **RCPRÁ, CBCC, ÚNM, CCRÉ** |
| **Amlínte:** | **Leanúnach ón mbliain 2012** |
| **PTF-anna:** | **Scrúduithe a bheith tosaithe le linn na bliana 2012. Treoir maidir le dearadh a bheith forbartha i gcomhréir le hamlínte comhaontaithe.** |

**Gníomhaíocht Tosaíochta 3.2: Tacaíocht a thabhairt maidir le riachtanais inrochtaineachta daoine faoi mhíchumas chun a chumasú dóibh fanacht ina dtithe agus ina bpobail féin ar feadh an oiread ama agus is féidir**

**Príomhbhearta**

3.2.1 A chinntiú go leantar de thús áite a thabhairt do sholáthar maoiniúcháin chuí chun oibreacha oiriúnúcháin a dhéanamh do thionóntaí údaráis áitiúil atá faoi mhíchumas agus chun Scéimeanna na nDeontas Oiriúnaithe Tithíochta a oibriú do dhaoine faoi mhíchumas a bhfuil cóiríocht acu i dtithíocht phríobháideach.

3.2.2 Creat a chur i bhfeidhm chun oiriúnú agus úsáid aonad folamh cuí tithíochta a éascú chun freastal ar riachtanais teaghlaigh ina bhfuil duine faoi mhíchumas agus atá ar liostaí feithimh, i gcás inar féidir déanamh amhlaidh.

3.2.3 Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go ndéanfar sraith chaighdeánach forálacha inrochtaineachta a chur san áireamh mar chuid de na hoibreacha a dhéantar trí chláir feabhsaithe tithíochta sóisialta, ionas go mbeidh daoine faoi mhíchumas in ann cuairt a thabhairt ar thithíocht shóisialta láithreach.

| | |
|---|---|
| **Róil Cheannais:** | **RCPRÁ, na hÚdaráis Tithíochta** |
| **Amlínte:** | **Leanúnach ón mbliain 2012** |
| **PTF-anna:** | **Treochtaí i measc na ndaoine faoi mhíchumas a fhanann sa bhaile. An líon deontas oiriúnúcháin a íocadh. An cion d'áitribh fholamha a ligeadh ar cíos le daoine faoi mhíchumas. An líon aonad a cuireadh i riocht inchuairte faoi chláir feabhsaithe tithíochta sóisialta.** |

**Príomhghníomhaíochtaí Eile**

Déanfar dul chun cinn maidir leis na príomhghníomhaíochtaí seo a leanas i gcomhréir leis na gníomhaíochtaí tosaíochta agus/nó trí fhorbairt agus trí sholáthar treorach chun cur i bhfeidhm a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil.

- A chinntiú go n-úsáidtear dóthain acmhainní ar leibhéal áitiúil ar mhaithe le forfheidhmiú éifeachtach Chuid M de na Rialacháin Foirgníochta;
- Scrúdú a dhéanamh i dtaobh an féidir sonraí maidir le hinrochtaineacht a bhailiú nuair atáthar ag tabhairt faoi iniúchtaí ar chaighdeáin san earnáil cóiríochta príobháidí ar cíos;
- Breithniú a dhéanamh i dtaobh clár sonraí a fhorbairt maidir le háitribh inrochtana thar gach tionacht tithíochta;
- Breithniú a dhéanamh maidir le creataí chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas atá ag aistriú chuig maireachtáil neamhspleách laistigh den earnáil tithíochta sóisialta agus den earnáil chóiríochta príobháidí ar cíos.

## Aidhm Straitéiseach 4
## Riachtanais tithíochta daoine faoi mhíchumas intleachta, lena n-airítear daoine atá ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe

Maidir leis na riachtanais shonracha tithíochta atá ag daoine faoi mhíchumas intleachta, déileálfar leo i gcomhthéacs creata ilghníomhaireachta chun tacaíocht a thabhairt i ndáil le socruithe maireachtála neamhspleáiche laistigh de phobail.  I gcás daoine a bheidh ag bogadh ó shuíomhanna comhchruinnithe chuig roghanna tithíochta sóisialta, gheofar tacaíocht don chreat seo trí fhorbairt a dhéanamh ar bheartais shonracha maidir le meastóireacht agus leithroinnt agus déanfar rogha ar leithligh agus roghanna pearsanta a léiriú ann.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 4.1     Tacaíocht a thabhairt maidir le haistriú daoine faoi mhíchumas intleachta agus fisiceach ó shuíomhanna comhchruinnithe chuig socruithe maireachtála pobal-bhunaithe níos oiriúnaí**

**Príomhbhearta**

4.1.1  Déanfar bogadh céimnithe daoine faoi mhíchumas ó shuíomhanna comhchruinnithe chuig socruithe maireachtála pobal-bhunaithe níos oiriúnaí a bhainistiú, agus tabharfar tacaíocht ina leith, trí chreat éifeachtach bainistíochta idirghníomhaireachta, i gcomhréir le hinfhaighteacht roghanna oiriúnacha tithíochta agus laistigh d'amscálaí comhaontaithe. Déanfaidh Foireann FSS maidir le Cur i bhFeidhm Thionscadal Náisiúnta na Suíomhanna Comhchruinnithe agus Foghrúpa Tithíochta na Gníomhaireachta Tithíochta an méid sin a éascú agus déanfaidh an foghrúpa sin aghaidh a thabhairt ar na tograí sonracha maidir le tithíocht atá leagtha amach sa Tuarascáil ar Shuíomhanna Comhchruinnithe, agus cuirfidh sé na tograí sin ar aghaidh agus cinnteoidh sé go bhfuil cur chuige aonair ann ar an leibhéal áitiúil.  Beidh ról tábhachtach ag Foghrúpa Cumarsáide na Suíomhanna Comhchruinnithe freisin maidir le tograí na Tuarascála ar Shuíomhanna Comhchruinnithe a chur in iúl go héifeachtach do na príomh-gheallsealbhóirí.

4.1.2  Déanfar prótacail chuí a bheidh mar bhonn agus mar thaca le cur chuige comhordaithe i ndáil le cur i bhfeidhm a fhorbairt idir an earnáil Chomhshaoil agus an earnáil Sláinte.

4.1.3 Déanfaidh Foghrúpa Tithíochta na Gníomhaireachta Tithíochta treoir náisiúnta a fhorbairt maidir le bainistiú a dhéanamh ar na próisis mheastóireachta agus leithroinnte tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas a bheidh ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe. Déanfar creat a leagan amach sa treoir ar creat é chun tacú le húdaráis tithíochta le linn dóibh meastóireachtaí a dhéanamh ar riachtanas tithíochta de réir cur chuige atá pleanáilte agus struchtúrtha agus beidh mionsonraí inti maidir leis na roghanna éagsúla tithíochta atá ar fáil do dhaoine atá ag imeacht as suíomhanna comhchruinnithe.

4.1.4 Rachaidh FSS i dteagmháil agus i gcomhairle le soláthróirí seirbhíse i ndáil le soláthar tacaíochtaí tionóntachta do dhaoine atá ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe. Mar chuid den chur chuige sin, déanfar breithniú i dtaobh prótacal a fhorbairt idir na húdaráis tithíochta agus FSS maidir le soláthar seirbhísí tionóntachta.

4.1.5 Déanfar socruithe ar leithligh tionóntachta a sholáthar do gach duine faoi mhíchumas intleachta agus/nó fisiceach a bheidh ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe.

| | |
|---|---|
| **Róil Cheannais:** | **Foireann FSS maidir le Cur i bhFeidhm Thionscadal Náisiúnta na Suíomhanna Comhchruinnithe, an Foghrúpa Cumarsáide, an Ghníomhaireacht Tithíochta, RCPRÁ, R/Sláinte, FSS, na hÚdaráis Tithíochta, Soláthróirí Seirbhíse FSS** |
| **Amlínte:** | **Ón mbliain 2012 ar aghaidh. Aistriú ó Shuíomhanna Comhchruinnithe a bheith i gcomhréir le spriocanna FSS.** |
| **PTF-anna:** | **Foghrúpa Tithíochta na Gníomhaireachta Tithíochta a bheith bunaithe i R 3, 2012. Treoir ar bheartais mheastóireachta agus leithroinnte i R 1, 2013. Prótacail a bheith forbartha agus curtha i bhfeidhm go héifeachtach laistigh d'amlínte cuí.** |

**Gníomhaíocht Tosaíochta 4.2 A chinntiú go bhfuil cur chuige ilghníomhaireachta ann maidir le freastal ar riachtanais daoine faoi mhíchumas, is é sin, daoine atá ina gcónaí sa phobal agus daoine atá ag imeacht ó shuíomhanna comhchruinnithe**

**Príomhbhearta**

4.2.1 Déanfar raon iomlán na riachtanas atá ag daoine faoi mhíchumas atá ag imeacht ó shuíomhanna comhchruinnithe, i gcás inar féidir freastal a dhéanamh ar riachtanais tacaíochta i suíomhanna pobal-bhunaithe, a chinneadh agus a chur san áireamh sa phróiseas pleanála. Éascófar an méid sin trí phleananna duine-láraithe a fhorbróidh soláthróirí seirbhíse agus sainaithneofar sna pleananna sin an raon tacaíochtaí atá ag teastáil chun rannpháirtíocht iomlán ghníomhach gach duine sa phobal a chinntiú.

4.2.2 Mar bhonn agus mar thaca leis an bpróiseas aistrithe beidh gealltanas ann ó FSS maidir le soláthar leanúnach tacaíochtaí pearsanta, cúraim agus sóisialta trí Fhoirne Cúraim Phríomha do dhaoine a bheidh ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe chuig maireachtáil phobal-bhunaithe, i gcomhréir le pleananna cúraim sainaitheanta. Déanfar prótacail chuí a fhorbairt de réir mar is gá.

4.2.3 Cuirfear creataí i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéanfar riachtanais daoine faoi mhíchumas intleachta a bhfuil cónaí orthu faoi láthair in áras an teaghlaigh nó laistigh de phobail a shainaithint go cruinn agus go ndéantar pleanáil i leith na riachtanas sin. Trí na creataí sin, éascófar sainaithint riachtanais tithíochta amach anseo nó sainaithint cáis ina bhféadfadh staid ghéarchéime a bheith ann sa todhchaí maidir le tithíocht.

| | |
|---|---|
| **Róil Cheannais:** | **Foireann FSS maidir le Cur i bhFeidhm Thionscadal Náisiúnta na Suíomhanna Comhchruinnithe, na hÚdaráis Tithíochta, Soláthróirí Seirbhíse FSS, Eagraíochtaí Míchumais** |
| **Amlínte:** | **Ón mbliain 2012 ar aghaidh. Aistriú ó Shuíomhanna Comhchruinnithe a bheith i gcomhréir le spriocanna FSS.** |
| **PTF-anna:** | **An líon daoine a bheidh tar éis imeacht as suíomh comhchruinnithe i rith na tréimhse tuairiscithe, a bheidh tar éis bogadh isteach i gcóiríocht oiriúnach mhalartach agus a mbeidh plean duine-láraithe i bhfeidhm maidir leo. Treochtaí i measc daoine faoi mhíchumas intleachta a fhanann ina dtithe agus ina bpobail féin.** |

## Aidhm Straitéiseach 5
## Riachtanais tithíochta atá ag daoine faoi Mhíchumas Meabhair-Shláinte

Tríd an Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, tugtar éifeacht do na gealltanais tithíochta atá i mbeartas an Rialtais maidir le meabhair-shláinte, Is é sin, Fís i dTreo Athrú, ar gealltanais iad a bhaineann le freastal ar na riachtanais tithíochta atá ag daoine faoi mhíchumas meabhair-shláinte laistigh de phobail i gcás daoine den sórt sin ag a bhfuil riachtanais mheántacaíochta agus ísealtacaíochta. Mar aitheantas do chineál casta an mhíchumais meabhair-shláinte, tá gá le raon gníomhartha spriocdhírithe chun gur fusa do dhaoine tithíocht a chothabháil agus chun tacaíocht a thabhairt do mhaireachtáil neamhspleách.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 5.1: Tacú le daoine faoi mhíchumas meabhair-shláinte rochtain a fháil ar thithíocht chuí laistigh de phobail agus tithíocht den sórt sin a chothabháil**

**Príomhbhearta**

5.1.1 Déanfar treoir náisiúnta a fhorbairt ar sholáthar gníomhartha éifeachtacha chun tacaíocht a thabhairt maidir le riachtanais tithíochta daoine faoi mhíchumas meabhair-shláinte agus tabharfar tacaíocht tríd an treoir sin do ghníomhaireachtaí reachtúla agus do ghníomhaireachtaí deonacha le linn dóibh seirbhísí tithíochta a sholáthar.

5.1.2 Déanfaidh údaráis tithíochta creat a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar faisnéis maidir leis na himpleachtaí a ghabhann le nochtadh míchumais meabhair-shláinte a thabhairt do gach iarratasóir ar thacaíochtaí tithíochta sóisialta, is é sin, i gcomhthéacs meastóireacht éifeachtach a dhéanamh ar riachtanais tacaíochta tithíochta agus tosaíochtaí a leagan amach go cuí

| | |
|---|---|
| **Róil Cheannais:** | **ÚNM, RCPRÁ, na hÚdaráis Tithíochta** |
| **Amlínte:** | **Leanúnach ón mbliain 2012.** |
| **PTF-anna:** | **Treoir náisiúnta a bheith forbartha faoi R 3, 2012.** |

**Gníomhaíocht Tosaíochta 5.2: Tacaíocht a thabhairt maidir le comhtháthú daoine faoi mhíchumas meabhair-shláinte laistigh de phobail**

**Príomhbhearta**

5.2.1 Déanfaidh údaráis tithíochta, FSS agus eagraíochtaí míchumais próiseas teagmhála a ghabháil de láimh chun feasacht ar dhaoine faoi mhíchumas meabhair-shláinte a fheabhsú laistigh de phobail agus chun comhtháthú rathúil a éascú. Is saincheist thábhachtach í seo freisin i gcomhthéacs daoine faoi mhíchumas meabhair-shláinte a aistriú ó chúram institiúideach;

5.2.2 Déanfaidh údaráis tithíochta idirchaidreamh le heagraíochtaí iomchuí míchumais meabhair-shláinte le linn straitéisí a ullmhú i ndáil le hiompar frithshóisialta.

5.2.3 Tacaíocht leanúnach a chur chun cinn maidir le seirbhísí cairdis chun uilechuimsitheacht shóisialta a éascú laistigh de phobail do dhaoine faoi mhíchumas meabhair-shláinte.

| | |
|---|---|
| **Róil Cheannais:** | **Na hÚdaráis Tithíochta, an Ghníomhaireacht Tithíochta, FSS, Eagraíochtaí Míchumais Meabhair-Shláinte, Feidhmeannacht Náisiúnta na nÚsáideoirí Seirbhísí** |
| **Amlínte:** | **Leanúnach ón mbliain 2012.** |
| **PTF-anna:** | **Treochtaí i measc daoine faoi mhíchumas meabhair-shláinte atá comhtháite go rathúil laistigh de phobail. Athbhreithniú a dhéanamh ar straiteisí i ndáil le hiompar frithshóisialta i gcomhthéacs daoine faoi mhíchumas meabhair-shláinte.** |

**Gníomhaíocht Tosaíochta 5.3: Éascaíocht a dhéanamh i leith aistriú éifeachtach daoine faoi mhíchumas meabhair-shláinte ó shaoráidí meabhair-shláinte FSS chuig suíomhanna oiriúnacha pobail laistigh de phobail inbhuanaithe**

**Príomhbhearta**

5.3.1 Maidir le haistriú daoine ag a bhfuil riachtanais ísealtacaíochta agus meántacaíochta ó shaoráidí meabhair-shláinte FSS chuig socruithe pobal-bhunaithe níos oiriúnaí, tabharfar tacaíocht ina leith trí struchtúr éifeachtach bainistíochta idirghníomhaireachta i gcomhréir le cur chuige pleanála duine-láraithe agus le rogha phearsanta.

5.3.2 Maidir le haistriú ionad cónaithe pobail ísealtacaíochta agus meántacaíochta de chuid FSS chuig úinéireacht agus bainistíocht údarás áitiúil, déanfar dul chun cinn i ndáil leis i gcomhréir le struchtúir agus le hamlínte comhaontaithe, agus déanfar amhlaidh de réir na dtorthaí a gheofar ó shuirbhéireacht ar dhálaí a dhéanfaidh an Ghníomhaireacht Tithíochta.

5.3.3 Mar bhonn agus mar thaca leis an bpróiseas aistrithe, beidh gealltanais ann ó FSS i ndáil le soláthar leanúnach tacaíochtaí iomchuí meabhair-shláinte laistigh de shocruithe nua pobail do dhaoine ag a bhfuil riachtanais ísealtacaíochta agus meántacaíochta. Soláthrófar na tacaíochtaí sin trí fhoirne ildisciplíne pobail meabhair-shláinte agus déanfar prótacail chuí a fhorbairt.

5.3.4 Maidir leis na tograí i ndáil le haistriú daoine ag a bhfuil riachtanais ísealtacaíochta agus meántacaíochta ó shaoráidí meabhair-shláinte FSS, déanfaidh na gníomhaireachtaí iomchuí go léir atá bainteach le soláthar seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas tacaíocht a thabhairt ina leith.

5.3.5 Maidir le daoine a bhfuil cónaí orthu faoi láthair in ionaid chónaithe ísealtacaíochta agus meántacaíochta, ar ionaid iad a mbeidh úinéireacht orthu á haistriú chuig údaráis áitiúla, tabharfar tacaíocht dóibh chun socruithe maireachtála níos neamhspleáiche a bhaint amach i gcás ina dtagann laghdú ar a gcuid riachtanas tacaíochta.

| | |
|---|---|
| **Róil Cheannais:** | **RCPRÁ, R/Sláinte, na hÚdaráis Tithíochta, FSS, an Ghníomhaireacht Tithíochta, Eagraíochtaí Míchumais Meabhair-Shláinte** |
| **Amlínte:** | **Leanúnach. Próiseas aistrithe a bheith á chur i gcrích i gcomhréir le spriocanna FSS.** |
| **PTF-anna:** | **An tsuirbhéireacht ar dhálaí a bheith críochnaithe. Ionaid chónaithe pobail a bheith aistrithe chuig úinéireacht údaráis áitiúil. Aistriú rathúil daoine chuig socruithe maireachtála pobal-bhunaithe níos oiriúnaí.** |

**Gníomhaíocht Tosaíochta 5.4: Scéim Tacaíochta Tithíochta a fhorbairt do dhaoine atá ag aistriú ó shaoráidí meabhair-shláinte FSS**

**Príomhbhearta**

5.4.1 Déanfar scéim spriocdhírithe tacaíochtaí laghdaitheacha atá bunaithe ar an gcur chuige ina dtugtar tosaíocht do thithíocht a fhorbairt do dhaoine ag a bhfuil riachtanais ísealtacaíochta agus meántacaíochta agus atá ag aistriú ó shaoráidí meabhair-shláinte FSS. Measfar go bhfaighidh thart ar 200 duine ag a bhfuil poitéinseal chun tionóntachtaí neamhspleácha a bhaint amach agus a chothabháil tacaíocht faoin tionscnamh seo.

| | |
|---|---|
| **Róil Cheannais:** | **RCPRÁ, R/Sláinte, an Ghníomhaireacht Tithíochta, FSS** |
| **Amlínte:** | **An scéim a bheith deartha agus treoir a bheith eisithe chuig údaráis áitiúla i R1, 2013.** |
| **PTF-anna:** | **Tús rathúil a bheith curtha leis an tionscadal le linn na bliana 2013. Sprioc suas go 40 aonad a bheith ann sa bhliain 2013, ach sin ag brath ar amscálaí FSS.** |

**Príomhghníomhaíochtaí Eile**

Déanfar dul chun cinn maidir leis na príomhghníomhaíochtaí seo a leanas i gcomhréir leis na gníomhaíochtaí tosaíochta agus/nó trí fhorbairt agus trí sholáthar treorach chun cur i bhfeidhm a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil.

- A chinntiú go ndéantar cur i bhfeidhm éifeachtach i dtaca le prótacal lena rialaítear meastóireacht ar leithligh na riachtanas tithíochta atá ag daoine faoi mhíchumas meabhair-shláinte;

- Córas aonair comhtháite náisiúnta sonraí a chur i bhfeidhm go héifeachtach le linn seirbhísí do dhaoine gan dídean a úsáid faoin Straitéis Náisiúnta um Dhaoine gan Dídean;

- Pleananna éifeachtacha réamhscaoilte a chur i ngníomh do dhaoine faoi mhíchumas meabhair-shláinte atá ag imeacht ó cúram cónaithe nó ó ghéarchúram nó ó phríosúin;

- Scrúdú a dhéanamh ar bhearta luath-idirghabhála chun cúnamh a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas meabhair-shláinte i gcás ina bhfuil tionóntachtaí tithíochta sóisialta i mbaol.

## Aidhm Straitéiseach 6
## Dea-chleachtas maidir le tacaíochtaí tithíochta agus tacaíochtaí gaolmhara

Chun freastal éifeachtach a dhéanamh ar riachtanais tithíochta daoine faoi mhíchumas, is gá raon cur chuige agus gníomhartha a bheith ann agus iad bunaithe ar bheartas agus ar chleachtas atá bunaithe ar fhianaise.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 6.1 Múnlaí dea-chleachtais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacú le daoine faoi mhíchumas laistigh de phobail**

**Príomhbhearta**

6.1.1 Déanfaidh an Ghníomhaireacht Tithíochta athbhreithniú ar thionscnaimh láithreacha phíolótacha trína dtugtar tacaíocht maidir le soláthar tacaíochtaí tithíochta agus tacaíochtaí gaolmhara. Déanfar treoir atá bunaithe ar mhúnlaí dea-chleachtais a fhorbairt agus a scaipeadh ar údaráis tithíochta chun tuilleadh forbartha a éascú, de réir mar is cuí.

6.1.2 Mar chuid den chur chuige sin, déanfaidh an Ghníomhaireacht Tithíochta clár píolótach a fhorbairt i gcomhar leis na príomh-gheallsealbhóirí agus beidh an clár sin mar a bheadh tástáil ann ar dhea-chleachtas i bpobail inbhuanaithe do dhaoine faoi mhíchumas. Áireofar sa chlár sin, inter alia, scrúdú ar dhearadh tithíochta, ar chomhoibriú idirghníomhaireachta, ar ghníomhartha éifeachtacha duine-láraithe agus ar ról na teicneolaíochta cúnta agus na teicneolaíochta cúnta comhthimpeallaí i dtaca le tacaíocht a thabhairt maidir le maireachtáil neamhspleách. Maidir leis an gclár píolótach, úsáidfear faisnéis lena aghaidh a gheofar ó thorthaí agus ó fhoghlaim a éiríonn as tionscadail atá idir lámha faoi láthair ag Fondúireacht Genio i ndáil le hathchumraíocht seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas i dtreo seirbhísí agus tacaíochtaí indibhidiúlaithe agus i ndáil le cur i bhfeidhm thograí na Tuarascála ar Shuíomhanna Comhchruinnithe.

| | |
|---|---|
| **Róil Cheannais:** | **An Ghníomhaireacht Tithíochta, RCPRÁ, na hÚdaráis Tithíochta, FSS** |
| **Amlínte:** | **2012 - 2013** |
| **PTF-anna:** | **Clár píolótach a bheith forbartha agus curtha i bhfeidhm faoi R2, 2013. Athbhreithniú a bheith déanta ar thionscnaimh láithreacha agus treoir atá bunaithe ar fhianaise a bheith forbartha d'fhonn leathnú a dhéanamh ar thionscnaimh, de réir mar is cuí le linn na bliana 2013.** |

## Aidhm Straitéiseach 7
## Comhairle agus faisnéis a oireann do rochtain

Tá soláthar faisnéise, comhairle agus abhcóideachta ina phríomhghné maidir le comhionannas rochtana ar thithíocht chuí a éascú do dhaoine faoi mhíchumas agus is gá é a dhéanamh ar mhodh comhtháite agus ar mhodh inrochtana.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 7.1 Cur chuige comhtháite maidir le soláthar faisnéise**

**Príomhbhearta**

7.1.1 Lárionad píolótach comhairle tithíochta a fhorbairt laistigh de limistéar údaráis áitiúil ar lárionad é a bheidh dírithe go mór ar mhíchumas agus é bunaithe ar dea-chleachtas atá ann cheana féin.

7.1.2 Creataí a bhaineann le comhordú agus soláthar faisnéise agus comhairle tithíochta a ionchorprú i bhforbairt straitéisí tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas.

| | |
|---|---|
| **Róil Cheannais:** | **RCPRÁ, na hÚdaráis Tithíochta, an Ghníomhaireacht Tithíochta** |
| **Amlínte:** | **2012 - 2013** |
| **PTF-anna:** | **Lárionad píolótach comhairle tithíochta a bheith forbartha faoi R 2, 2013. Athbhreithniú a dhéanamh ar mhodúil faisnéise straitéisí tithíochta na n-údarás áitiúil.** |

**Príomhghníomhaíochtaí Eile**

Déanfar dul chun cinn maidir leis na príomhghníomhaíochtaí seo a leanas i gcomhréir leis na gníomhaíochtaí tosaíochta agus/nó trí fhorbairt agus trí sholáthar treorach chun cur i bhfeidhm a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil.

- Tacóidh údaráis tithíochta le cur chuige láidir réamhghníomhach i leith faisnéis a sholáthar atá bunaithe ar na prionsabail a bhaineann le soláthar seirbhíse ardchaighdeáin;

- Beidh faisnéis tithíochta dírithe go sonrach ar na roghanna tithíochta atá ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus soláthrófar í i bhformáidí inrochtana agus i bhformáidí éagsúla;

- Tabharfaidh údaráis tithíochta tacaíocht maidir leis an ról atá ag tacadóirí daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear an ról atá ag teaghlaigh ina bhfuil leanaí atá faoi mhíchumas, na gníomhaireachtaí iomchuí abhcóideachta, lena n-áirítear Inclusion Ireland agus Seirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh, de réir mar is cuí.

## Aidhm Straitéiseach 8
## Bailiú agus úsáid sonraí maidir le riachtanais daoine faoi mhíchumas

Tá faisnéis chruinn mhionsonraithe maidir le cineál agus méid na riachtanas tithíochta atá ag daoine faoi mhíchumas riachtanach chun bonn a chur faoi sholáthar éifeachtach seirbhíse agus faoi phleanáil straitéiseach níos fadtéarmaí.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 8.1 Cineál agus méid iomlán na riachtanais tacaíochta tithíochta agus tacaíochta gaolmhaire atá ag daoine faoi mhíchumas a shainaithint chun réitigh oiriúnacha tithíochta a sholáthar**

**Príomhbhearta**

8.1.1 Déanfar tacaíocht a thabhairt don phróiseas meastóireachta riachtanas tithíochta trí theagmháil fhoirmiúil idir na húdaráis tithíochta agus na gníomhaireachtaí tithíochta, idir reachtúil agus neamhreachtúil, i ndáil le sainaithint na riachtanas tacaíochta tithíochta agus tacaíochta gaolmhaire atá ag daoine faoi mhíchumas, agus trí chur i bhfeidhm éifeachtach na bprótacal náisiúnta idirghníomhaireachta.

8.1.2 A chinntiú go bhfuil cur i bhfeidhm éifeachtach leanúnach ann maidir le meastóireacht ar leithligh prótacal riachtanais agus forbairt a dhéanamh, de réir mar is cuí, ar shásraí breise chun comhoibriú feabhsaithe agus leathnaithe a éascú idir údaráis tithíochta agus FSS.

8.1.3 Beidh tús áite le tabhairt do gach teaghlach ina bhfuil duine faoi mhíchumas le go ndéanfar athmheastóireacht faoin bpróiseas meastóireachta nua maidir le riachtanas tithíochta.

8.1.4 Maidir leis an bhfoireann go léir atá bainteach le meastóireachtaí a dhéanamh ar riachtanas tithíochta agus le feidhmeanna gaolmhara a chur i gcrích, gheobhaidh siad oiliúint shonrach maidir le míchumas. Déanfaidh an Ghníomhaireacht Tithíochta an oiliúint a fhorbairt agus bainfidh siad úsáid as an saineolas agus as an eolas áitiúil atá ag eagraíochtaí iomchuí míchumais. Is ceart go mbeadh modúil a bhaineann le riachtanais tithíochta daoine faoi mhíchumas meabhair-shláinte agus intleachta san áireamh san oiliúint sin.

| | |
|---|---|
| **Róil Cheannais:** | **RCPRÁ, R/Sláinte, an Ghníomhaireacht Tithíochta, na hÚdaráis Tithíochta, CBC, FSS, Eagraíochtaí Míchumais** |
| **Amlínte:** | **Leanúnach ón mbliain 2012** |
| **PTF-anna:** | **Prótacail a bheith curtha i bhfeidhm go héifeachtach. Athmheastóireacht ar riachtanais tithíochta daoine faoi mhíchumas a bheith déanta le linn na bliana 2012. Oiliúint a bheith tugtha faoi lár na bliana 2013.** |

## Aidhm Straitéiseach 9
## Creat Athbhreithnithe agus Faireacháin

Tá ga creat éifeachtach faireacháin chun formhaoirseacht a dhéanamh agus chun treoir a thabhairt maidir le feidhmiú rathúil na Straitéise. Déanfaidh Sainghrúpa Faireacháin maidir le Cur i bhFeidhm formhaoirseacht ar an gcreat sin agus beidh sé de chúram ar an ngrúpa sin tuarascálacha bliantúla a ullmhú ar dhul chun cinn i ndáil le cur i bhfeidhm.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 9.1: Creat Éifeachtach maidir le Faireachán agus Cur i bhFeidhm**

**Príomhbhearta**

9.1.1 Grúpa Faireacháin maidir le Cur i bhFeidhm a bheith bunaithe.

9.1.2 Tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn i ndáil le cur i bhfeidhm a bheith críochnaithe agus tíolactha don Choiste Comh-Aireachta ar Bheartas Sóisialta. Sna tuarascálacha ar dhul chun cinn, déanfar suntas a thabhairt freisin d'aon saincheisteanna agus d'aon nithe tábhachtacha a éiríonn, lena n-áirítear nithe iomchuí a bhaineann le maoiniúchán, agus déileálfar leis na nithe sin sna tuarascálacha sin.

9.1.3 Rachaidh an Grúpa Faireacháin maidir le Cur i bhFeidhm i mbun athbhreithnithe ar phríomhthosaíochtaí/phríomhghníomhaíochtaí sonracha de chuid na straitéise, de réir mar is cuí, agus cabhróidh sé le Foghrúpa Tithíochta na Gníomhaireachta Tithíochta i ndáil le comhairle agus treoir a sholáthar.

| | |
|---|---|
| **Róil Cheannais:** | **RCPRÁ, GFCF, an Ghníomhaireacht Tithíochta** |
| **Amlínte:** | **GFCF a bheith bunaithe faoi Bhealtaine 2012.** |
| **PTF-anna:** | **Cruinnithe GFCF a thionól uair amhain sa ráithe. An chéad tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn a bheith críochnaithe agus tíolactha don Choiste Comh-Aireachta ar Bheartas Sóisialta faoi R 3, 2013.** |

# Aguisín 1 Comhaltas an Ghrúpa Pleanála maidir le Cur i bhFeidhm

| Eagraíocht | Ainm |
|---|---|
| An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil | Michael Layde (Cathaoirleach)<br>Theresa Donohue<br>Rob Walsh<br>Cathal Comey |
| An Roinn Sláinte | Colm Desmond<br>Luke Mulligan<br>Brian Dowling<br>Gerry Steadman |
| An Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe | Andrew Conlon |
| FSS | Cate Hartigan<br>Tony Leahy |
| Cumann na mBainisteoirí Cathrach & Contae | Conn Murray |
| An Ghníomhaireacht um Thithíocht & Pobail Inbhuanaithe (an Ghníomhaireacht Tithíochta) | John O'Connor<br>David Silke |

# Aguisín 2 An Grúpa Pleanála maidir le Cur i bhFeidhm Téarmaí Tagartha

- Creat mionsonraithe maidir le Cur i bhFeidhm a fhorbairt ina dtabharfar mionsonraí faoi na príomhghníomhaíochtaí atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, 2011-2016. Déanfar an méid seo a leanas sa Chreat:

  - Leagfar amach ann na príomhspriocanna a bheidh le baint amach laistigh d'amlínte atá insroichte agus leagfar síos táscairí feidhmíochta, mar aon le freagrachtaí soiléire feidhme, de réir mar is cuí;

  - Déanfar foinsí inchothaithe maoiniúcháin a shainaithint ann chun tacú le cur i bhfeidhm na straitéise as acmhainní atá ar fáil faoi láthair, agus ar dóigh dóibh a bheith ar fáil thar an tréimhse 2011-2016. Éiríonn an riachtanas i leith maoiniúcháin go príomha i ndáil le haistriú daoine faoi mhíchumas meabhair-shláinte agus intleachta ó chúram institiúideach go dtí socruithe maireachtála pobal-bhunaithe, rud a fhágfaidh go mbeidh costais tithíochta agus costais cothabhála tionóntachta ann freisin;


  - A mhéid is féidir, déanfar bearta a shainaithint ann freisin chun uasmhéadú a dhéanamh ar chomhordú an mhaoiniúcháin agus na seirbhísí comhroinnte i ndáil le soláthar tacaíochtaí tithíochta agus tacaíochtaí gaolmhara do dhaoine faoi mhíchumas;

  - De réir mar is cuí, léireofar tograí ann a éireoidh as obair Ghrúpa Forfheidhmithe na Straitéise Náisiúnta Míchumais agus as torthaí an Athbhreithnithe Luach ar Airgead agus Beartais i ndáil le Seirbhísí Míchumais; agus

  - Leagfar amach ann an réimeas leanúnach faireacháin, athbhreithnithe agus measúnaithe a ndéanfaidh coiste faireacháin forfheidhmithe formhaoirseacht air.

- An creat maidir le cur i bhfeidhm a chur faoi bhráid an Choiste Comh-Aireachta ar Bheartas Sóisialta laistigh de 3-4 mhí ó thráth bunaithe an Ghrúpa Pleanála maidir le Cur i bhFeidhm.

# Aguisín 3



National Housing Strategy for PWDs 2011 - 2016 Implementation Plan
- Location of Intellectual or other Disabled Congregated Settings
1:1,200,000
Kilometers
0 5 10 20 30 40
housing agency
Legend
Intellectual or other Disability Congregated Settings
No. of Beds
0-24
25-52
53-101
102-164
165-340
CO. DONEGAL
CO. DERRY
CO. ANTRIM
CO. TYRONE
CO. FERMANAGH
CO. ARMAGH
CO. DOWN
CO. MONAGHAN
CO. SLIGO
CO. LEITRIM
CO. CAVAN
CO. MAYO
CO. LOUTH
CO. ROSCOMMON
CO. LONGFORD
CO. MEATH
CO. WESTMEATH
CO. DUBLIN
CO. GALWAY
CO. OFFALY
CO. KILDARE
CO. WICKLOW
CO. LAOIS
CO. CLARE
CO. CARLOW
CO. TIPPERARY
CO. KILKENNY
CO. LIMERICK
CO. WEXFORD
CO. WATERFORD
CO. KERRY
CO. CORK
Note:
(1) Source: HSE survey 2008.

# Aguisín 4

## Costais Bhreise Mheasta ar Thacaíocht Tithíochta Sóisialta do Dhaoine atá ag Aistriú ó Shuíomhanna Comhchruinnithe

Rinneadh na costálacha atá ann sa Chreat maidir le Cur i bhFeidhm i ndáil le daoine atá ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe a ríomh ar an mbonn go n-aistreoidh 500 duine in aghaidh na bliana agus go roghnódh 60% díobh rogha tithíochta sóisialta. Tá na costálacha measta breise seo a leanas bunaithe ar thoimhdí go n-aistreodh 500 duine in aghaidh na bliana agus go roghnódh 70% nó 80% díobh rogha tithíochta sóisialta.

- Toimhdean go mbeidh tithíocht shóisialta ag teastáil ó 70% (350 duine) agus go mbeidh siad ag iarraidh a bheith ina gcónaí i leithleann aonaid aonair. Is é atá sa chostas breise ná tuairim is **€2.215 milliún** sa bhliain i mbliain 1, agus méadú ag teacht ar an tsuim sin de réir incrimintí €2.215 milliún sa bhliain go dtí suim iomlán €15.5 milliún sa bhliain tar éis 7 mbliana;

- Toimhdean go mbeidh tithíocht shóisialta ag teastáil ó 80% (400 duine) agus go mbeidh siad ag iarraidh a bheith ina gcónaí i leithleann aonaid aonair. Is é atá sa chostas breise ná tuairim is **€2.531 milliún** sa bhliain i mbliain 1, agus méadú ag teacht ar an tsuim sin de réir incrimintí €2.531 milliún sa bhliain go dtí suim iomlán **€17.7 milliún sa bhliain** tar éis 7 mbliana.

# Aguisín 5

## GENIO

Rinne Atlantic Philanthropies, i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus le FSS, Ciste GENIO a bhunú chun deontais a sholáthar d'eagraíochtaí san earnáil míchumais agus san earnáil mheabhair-shláinte i gcomhair tionscnamh nuálach i dtaca le soláthar seirbhíse. Sa bhliain 2012, rinne FSS €3m a leithroinnt d'Fhondúireacht Genio chun tuilleadh éascaíochta a dhéanamh i leith chumraíocht na seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas fisiceach agus céadfach agus do dhaoine faoi mhíchumas intleachta i dtreo seirbhísí agus tacaíochtaí indibhidiúlaithe. Áirítear ansin, mar phríomhthosaíocht, cur ar aghaidh agus maoiniú tionscadal atá i gcomhréir le cuspóirí na Tuarascála ar Shuíomhanna Comhchruinnithe trí roghanna maidir le maireachtáil phobail agus faoiseamh pobal-bhunaithe a chothú agus a pháirtmhaoiniú. Comhoibreoidh Genio le FSS le linn an Tuarascáil ar Shuíomhanna Comhchruinnithe a chur i bhfeidhm agus, i gcomhthéacs leathan na Straitéise Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas, leis na húdaráis áitiúla, tríd an méid atá foghlamtha ó thionscadail reatha a sholáthar mar fhaisnéis i gcomhair saincheisteanna amhail meastóireachtaí, athbhreithniú ar an soláthar reatha cóiríochta, rogha phearsanta agus socruithe tionóntachta amach anseo. Beidh sé sin ina chabhair maidir le méadú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá ar fáil don earnáil sláinte agus don earnáil tithíochta agus a úsáidfear sa straitéis fhoriomlán i ndáil le roghanna oiriúnacha a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus an méid sin á dhéanamh i gcomhréir leis an mbeartas agus leis na cuspóirí reatha.

Ón mbliain 2010, tá FSS, na gníomhaireachtaí reachtúla agus Fondúireacht Genio tar éis na líonta daoine seo a leanas a aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe chuig suímh eile. I gcás na bliana 2010, arb í an bhliain is déanaí í dá bhfuil miondealú ar fáil, d'aistrigh Fondúireacht Genio 45 dhuine chuig na suímh seo a leanas:

- an earnáil chóiríochta príobháidí ar cíos (24)
- Cóiríocht phríobháideach ar cíos faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos (4)
- comhlachas tithíochta (3)
- tithíocht shóisialta (2)
- cóiríocht de chuid soláthróirí seirbhíse (11)
- socrú altrama (1)

Sa bhliain 2011, meastar gur aistrigh 55 dhuine chuig suíomhanna comhchruinnithe a raibh 24 díobh i mBaile Átha Cliath/i Lár Laighean, 18 díobh i FSS an Deiscirt agus 13 díobh i FSS an Iarthair. Sa bhliain 2012, samhlaítear go n-aistreoidh 107 nduine san iomlán chuig suíomhanna pobail mar chuid de chomhthionscadail idir FSS agus Genio, is é sin le rá 10 as FSS an Deiscirt agus 50 as Baile Átha Cliath/Lár Laighean, agus go n-aistreoidh FSS agus soláthróirí eile seirbhíse 47 nduine.

# Aguisín 6


## Athbhreithniú Luach ar Airgead ar Sheirbhísí Míchumais

Ba iad seo a leanas na Téarmaí Tagartha don athbhreithniú:

1. Na cuspóirí a shainaithint a bhí ann go dtí seo i ndáil leis an gclár seirbhísí míchumais san earnáil sláinte.
2. Scrúdú a dhéanamh ar bhailíocht reatha na gcuspóirí sin agus ar a gcomhoiriúnacht le straitéis fhoriomlán na Roinne *Sláinte, is é sin, an Straitéis Náisiúnta maidir le Míchumas agus I dTreo 2016.*
3. Sainiú a dhéanamh ar na haschuir a bhaineann leis an gclár gníomhaíochta agus leibhéal agus treocht na n-aschur sin a shainaithint.
4. Aon saincheisteanna maidir le hinfhaighteacht faisnéise i ndáil le haschuir agus torthaí reatha a shainaithint.
5. Scrúdú a dhéanamh ar an méid atá cuspóirí an chláir bainte amach agus tuairim a thabhairt faoi éifeachtacht na dtorthaí atá bainte amach dá mbarr.
6. Leibhéal agus treocht na gcostas agus na n-acmhainní foirne a bhaineann le seirbhísí míchumais a shainaithint agus, sa tslí sin, tuairim a thabhairt faoi éifeachtúlacht an bhealaigh inar baineadh amach na cuspóirí. Comparáid a dhéanamh idir na costais fhoriomlána, lena n-áirítear costais phá agus costais neamhphá, thar an earnáil [idir an earnáil dheonach agus an earnáil neamhdheonach].
7. Ag féachaint don raon soláthróirí seirbhísí míchumais, scrúdú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil scóip ann chun íoslaghdú a dhéanamh ar fhorchostais, lena n-áirítear costais riaracháin, struchtúir bainistíochta, taighde, fógraíocht, próifíliú agus costais bhonneagair.
8. Measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá maoiniúchán poiblí ag teastáil i ndáil leis na cuspóirí, ar bhonn reatha agus leanúnach, agus scrúdú a dhéanamh i dtaobh na scóipe le haghaidh cur chuige malartach beartais nó eagrúcháin ar mhaithe leis na cuspóirí sin a bhaint amach ar bhonn níos éifeachtúla agus/nó níos éifeachtaí.
9. Táscairí ionchasacha feidhmíochta a shonrú don todhchaí ar táscairí iad a d'fhéadfaí a úsáid chun faireachán níos fearr a dhéanamh ar fheidhmíocht an chláir seirbhísí míchumais.
10. Tuarascáil dhaingean deiridh ina mbeidh cinntí agus moltaí i ndáil le TT-anna 1 go 9 thuas.

# Aguisín 7

National Housing Strategy for PWDs 2011 - 2016 Implementation Plan
- Location of HSE Mental Health Residences



# Leabharliosta


- An Straitéis Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011 – 2016. An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an Roinn Sláinte, 2011.
- Ráiteas ar Bheartas Tithíochta, An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 2011
- Cuid M de na Rialacháin Náisiúnta Foirgníochta 1997-2010 – An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil [I.R. 513 de 2011].
- Time To Move On From Congregated Settings - Strategy for Community Inclusion – Tuarascáil ón nGrúpa Oibre ar Shuíomhanna Comhchruinnithe, FSS, 2011.
- Fís I dTreo Athrú – Tuarascáil ón nGrúpa Saineolaithe ar Bheartas Meabhair-Shláinte – an Roinn Sláinte & Leanaí, 2006.
- An Straitéis Náisiúnta Míchumais (SNM) - an Roinn Sláinte & Leanaí, 2004.
- An Bunachar Sonraí Náisiúnta maidir le Míchumas Intleachta (Tuarascáil Bhliantúil 2010).
- Tuarascáil Luach ar Airgead – Éifeachtúlacht agus Éifeachtacht Cúraim Fadchónaithe d'Aosaigh laistigh de na Seirbhísí Meabhair-Shláinte, an Roinn Sláinte agus Leanaí, 2009.
- Athbhreithniú ar na Seirbhísí Míchumais faoin Tionscnamh maidir le hAthbhreithniú Luach ar Airgead agus Beartais 2008 – 2011 – an Roinn Sláinte
- I dTreo 2016, Comhaontú Comhpháirtíochta – Roinn an Taoisigh, 2006.

# Gluais Téarmaí

| | |
|---|---|
| SCC | Scéim um Chúnamh Caipitiúil |
| CBCC | Cumann na mBainisteoirí Contae & Cathrach |
| RCPRÁ | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil |
| R/Sláinte | An Roinn Sláinte |
| RCPA | An Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe |
| RCS | An Roinn Coimirce Sóisialaí |
| Gníomhaireacht Tithíochta | An Ghníomhaireacht um Thithíocht & Pobail Inbhuanaithe |
| GSTM-anna | Grúpaí Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| GFCF | Grúpa Faireacháin maidir le Cur i bhFeidhm |
| GPCF | An Grúpa Pleanála maidir le Cur i bhFeidhm |
| CCRÉ | Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann |
| PTF-anna | Príomhtháscairí Feidhmíochta |
| GNBS | An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní |
| ÚNM | An tÚdarás Náisiúnta Míchumais |
| SNM | An Straitéis Náisiúnta maidir le Míchumas |
| SCC | An Scéim um Chóiríocht ar Cíos |
| TT-anna | Téarmaí Tagartha |
| VFM | Athbhreithniú Luach ar Airgead agus Beartais maidir le Seirbhísí Míchumais |

Arna phriontáil ar pháipéar
athchúrsáilte ina bhfuil 75% ar a
laghad de ina dhramhaíl iar-chaite.